GSOC Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

GARDA SÍOCHÁNA OMBUDSMAN COMMISSION

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016



GSOC Garda Ombudsman

Frances Fitzgerald Uasal TD
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

31 Márta 2017

A Aire, a chara,

Is pléisiúr dúinn an 11ú Tuarascáil Bhliantúil ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2016. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Is mise le meas

Mary Ellen Ring — An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring, Cathaoirleach

Kieran FitzGerald — Kieran FitzGerald, Coimisinéir

Mark Toland — Mark Toland, Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, DO1 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, DO1 FT73

(01) 871 6727 1890 600 800 (01) 814 7023 info@gsoc.ie www.gardaombudsman.ie

# GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **AIO** | Oifigeach Cúnta Imscrúduithe. |
| **Airmheán** | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| **Airteagal 2** | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| **An Coimisiún Ombudsman** | Triúr Coimisinéirí Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| **An tAcht** | An tAcht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC, mar atá Acht an Gharda Síochána 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print |
| **As am** | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi. |
| **Ball i bhfeighil** | An ball den Gharda Síochána atá ainmnithe le bheith freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialacháin Coimeádta, maidir le daoine atá faoi choimeád i stáisiún na nGardaí. Féadfaidh ball a bheith de aon chéim. Tá sainmhíniú iomlán dlí, agus liosta de dhualgais bhaill atá i bhfeighil le feiceáil in ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach an leathanach roimhe seo). |
| **Comhairle** | Is smachtbhanna é seo ar son na Rialacháin Smachta, a d'fhéadfadh Coimisinéir an Gharda a fheidhmiú, a bhriseadh (féach thíos) -féadfaidh sé a bheith foirmeáilte nó neamhfhoirmeáilte. |
| **DLP** | Duine Idirchaidrimh Ainmnithe faoi threoirlínte "tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leasa Leanaí". |
| **DO** | Oifigeach Ainmnithe (oifigeach de chuid GSOC ar ainmnigh an Coimisiún é i scríbhinn chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi Chuid 4 den Acht, rud lena dtagraítear do dhéileáil le ‘Gearáin, Imscrúduithe agus Nósanna Imeachta eile’). |
| **ECHR** | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Is féidir iad a léamh ag: http://www.echr.coe.int/ Documents/Convention_ENG.pdf |
| **Gearán** | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar baill aonair den Gharda Síochána. D’fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó ná líomhain amháin in aghaidh ball amháin nó níos mó ná ball amháin den Gharda Síochána a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach baill den Gharda Síochána a mheasúnú ina n-aonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| **Gníomh araíonachta** | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do 2 leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |
| **GSIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, a dhéanann imscrúdú ar ghearáin ina líomhnaitear briseadh ar na Rialacháin Araíonachta. |
| **GSOC** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (an eagraíocht). |
| **Imscrúdú** | Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil, caithfear é a imscrúdú. De réir alt 98 den Acht, is é imscrúdaitheoir de chuid GSOC a imscrúdaíonn gearán ar bith a chuimsíonn líomhain go ndearnadh cion coiriúil. Is é GSIO (féach thuas) de ghnáth a imscrúdaíonn gearán a chuimsíonn líomhain de chineál araíonachta agus déanann sé amhlaidh faoi na Rialacháin Araíonachta agus de réir alt 94 den Acht. Más cuí leis an gCoimisiún Ombudsman é, féadfaidh imscrúdaitheoir de chuid GSOC maoirseacht a dhéanamh ar na himscrúduithe sin. Féadfaidh an GSOC ábhair neamhchoiriúla a imscrúdú chomh maith, de réir alt 95 den Acht. |

| | |
|---|---|
| **Inghlacthacht** | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. (Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i Rannán 1.) |
| **IO** | Oifigeach Imscrúduithe |
| **IRM** | Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. |
| **Líomhain** | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin. Tá na líomhaintí ina n-iompraíochtaí aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| **OGP** | An Oifig um Sholáthar Rialtais. |
| **Ombudsman an Gharda Síochána** | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| **PAS** | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. |
| **RCBÁC** | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. |
| **Réiteach neamhfhoirmiúil** | Seo é an próiseas a thairgtear i gcás líomhaintí nach bhfuil tromchúiseach, drochmhúineadh, mar shampla. Is éard atá i gceist leis ná go labhraíonn cásoifigeach de chuid GSOC leis an dá pháirtí agus é mar aidhm aige tuiscint níos fearr a ghnóthú ar a ndearcthaí faoi seach agus teacht ar chomhaontú go bhfuil an t-ábhar réitithe. Déantar foráil ina leith in alt 90 den Acht. |
| **Rialacháin Araíonachta** | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú.<br>Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print |
| **Rialacháin Choimeádta** | Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána)<br>Rialacháin, 1987 - rialacháin a bhaineann le daoine a choinneáil i stáisiúin na ngardaí. Is féidir iad a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print . |
| **RTI** | Teagmhas tráchta ar bhóithre nó imbhualadh. |
| **SIO** | Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe. |
| **SIP** | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí). |

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA
## AN 11ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL


Achoimre Fheidhmeach ..... 7

Réamhrá ..... 8

**Rannán 1: Gearáin ..... 11**

1.1 Méid na bhfiosraithe ..... 11
1.2 Méid na ngearán agus na líomhaintí ..... 11
Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na gearáin ..... 11
Léarscáil 1: Líomhaintí déanta le GSOC ag baill an phobail, de réir Rannáin Garda ..... 12
1.3 Cad iad na nithe a ndéanann daoine gearán fúthu? ..... 13
Cairt 2: Cineálacha líomhna ..... 13
1.4 Inghlacthacht ..... 13
Cairt 3. Cinntí maidir le hinghlacthacht gearán ..... 13
1.5 Gearáin neamh-inghlactha ..... 14
Cairt 4: Cúiseanna le neamh-inghlacthacht ..... 14
1.6 Gearáin inghlactha ..... 15
Cairt 5: Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil ..... 15
1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla ..... 15
1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta ..... 16
1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe ..... 19
Tábla 1: Torthaí líomhaintí a imscrúdaíodh agus a dúnadh in 2016 ..... 19
Tábla 2: Smachtbhannaí curtha i bhfeidhm ag Coimisinéir an Gharda Síochána in 2016 ..... 20

**Rannán 2: Imscrúduithe Neamhspleácha ar Bhás nó ar Dhíobháil Thromchúiseach ..... 21**

2.1 Atreorúcháin ó nGarda Síochána faoi 102(1) ..... 21
Cairt 6: Cineálacha Imscrúduithe in Atreorúcháin ..... 21
Léarscáil 2: Atreorúcháin déanta chuig GSOC, ag an nGarda Síochána, de réir Rannán Garda ..... 22
2.1.1 Cúinsí taobh thiar de atreorúcháin ..... 23
Cairt 7: Cúinsí taobh thiar de na hatreorúcháin ..... 23
2.1.2 Torthaí ar Imscrúduithe tar éis atreorúchán ..... 25
Tábla 3: Na cineálacha imscrúdaithe a rinneadh agus an toradh a bhí orthu ..... 25
2.2 Imscrúduithe a d'oscail Coimisiún an Ombudsman faoi alt 102(2)(b) ..... 26

**Rannán 3: Imscrúduithe chun leas an phobail ..... 27**

3.1 Cásanna a osclaíodh sa bhliain 2016 ..... 27
Tábla 4: Stádas na n-imscrúduithe leas pobail de bhun an IRM, ag deireadh 2016 ..... 29
3.2 Cásanna a bhí ar siúl sa bhliain 2016 ..... 30
3.3 Nochtadh cosanta ..... 31

**Rannán 4: Scrúduithe ar chleachtas, ar bheartas agus ar nós imeachta of Garda Síochána ..... 32**

**Rannán 5: Fiosrúchán Breithiúnach faoi Iompar Oifigeach Ainmnithe ........................................... 34**

**Rannán 6: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú ................................................................. 36**
6.1 An t-am a glacadh le cásanna a dhúnadh ........................................................................ 36
6.1.1 An t-am a glacadh le cásanna a dhúnadh de réir cineáil ag deireadh 2016 ................................ 36
Cairt 8: An t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh de réir cineáil in 2016 ........................................................................ 36
6.1.2 Inghlacthacht ........................................................................ 38
6.1.3 Soláthar faisnéise ag an nGarda Síochána ........................................................................ 38
6.2 Ullmhacht don reachtaíocht nua ........................................................................ 39
6.2.1 Cosaint Leanaí ........................................................................ 39
6.2.2 Íospartaigh Coireachta ........................................................................ 40
6.3 Rannpháirtíocht le baill an Garda Síochána ........................................................................ 41
6.4 Feabhsuithe Riaracháin ........................................................................ 41

**Rannán 7: Eolas a thabhairt d'Fhorbairt Beartais agus do Chleachtas Póilíneachta ...................... 43**
Tábla 5: Moltaí a rinneadh don Garda Síochána in 2016 ..................................................... 43

**Rannán 8: Soláthar Foirne ........................................................................ 50**
Cairt 9: Leithdháileadh acmhainní daonna agus struchtúr eagrúcháin ................................ 50

**Conclúid ........................................................................ 51**

**Aguisín 1: Próifíl na ndaoine a rinne gearán sa bhliain 2016 ......................................................... 52**

**Aguisín 2: Próifíl na ngardaí a ndearnadh gearáin fúthu sa bhliain 2016. ...................................... 55**

**Aguisín 3: Gníomhaíochtaí dlí sa bhliain 2016 tar éis imscrúduithe coiriúla .................................. 56**

**Aguisín 4: Caiteachas 2016 ........................................................................ 57**
Tábla 6: Caiteachas 2016 ........................................................................ 57

**Aguisín 5: Oiliúint agus Forbairt 2016 ........................................................................ 58**

**Aguisín 6: Iarratais Faisnéise a próiseáladh in 2016 ........................................................................ 59**
Tábla 7: Cineálacha agus líon na n-iarratas faisnéise a próiseáladh in 2016 ....................... 59

**Foinse Sonraí:**

Seachas Táblaí 6 agus 7, is é bogearra chóras bainistiú cásanna GSOC foinse na sonraí a úsáideadh sna léarscáileanna, sna cairteanna agus sna táblaí sa tuarascáil seo. Is é Aonad Airgeadais GSOC a thiomsaigh na sonraí atá i dTábla 6, bunaithe ar fhaisnéis ó Aonad Bainistiú Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tiomsaíodh na sonraí i dTábla 7 as logaí teagmhála a choinnigh aonaid éagsúla laistigh de GSOC.

# Achoimre Fheidhmeach

Déantar achoimre i réamhrá na tuarascála seo ar roinnt ábhar a bhí ann sa bhliain 2016 agus a raibh tionchar ar leith acu ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC).

Sna chéad cheithre rannán den tuarascáil seo, tugtar mionsonraí faoi oibríochtaí don bhliain a bhaineann le ceithre phríomhréimse freagrachta GSOC, is iad sin:

**1. Déileáil le gearáin a bhaineann le hiompar gardaí.**
Sa bhliain 2016, fuair GSOC 1,758 ghearán a raibh 3,768 líomhain i gceist iontu. Bhí na cineálacha líomhna cosúil leo sin a rinneadh i mblianta roimhe sin. Bhain thart ar thrian amháin díobh le mí-úsáid údaráis agus bhain trian amháin le faillí i ndualgas. I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC), bhí an líon is mó líomhaintí ag Rannáin an Iarthair agus an Lárdheiscirt, agus lasmuigh de RCBÁC, bhain an líon ba mhó líomhaintí le Rannáin na Gaillimhe agus Chathair Chorcaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go luíonn sé le réasún gur dócha go ndéanfar líon níos airde gearán ó rannáin atá níos mó agus níos gníomhaí. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nár measadh gach ceann de na gearáin a bheith inghlactha.

**2. Imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh, tar éis don Gharda Síochána iad a tharchur, i gcásanna inar cosúil go bhféadfadh gur maraíodh duine nó go ndearnadh díobháil thromchúiseach do dhuine de bharr iompraíocht ball den Gharda Síochána.**
Fuair GSOC 51 atreoruchán i rith na bliana 2016, agus bhain 12 acu le básanna. Ba iad póilíneacht bóithre, go háirithe teagmhais tráchta ar bhóithre, na cúinsí ba choitianta. Ba iad RCBÁC Lárthuaisceart, Gaillimh, An Mhí, Cill Mhantáin agus Port Láirge na Rannáin Garda as a ndearnadh formhór na n-atreoruithe. Dúnadh 55 imscrúdú tar éis atreoruithe (a fuarthas in 2016 nó sna blianta roimhe) i rith na bliana, agus b'fhéidir os cionn a leath a dhúnadh tar éis scrúdú tosaigh a léirigh nach raibh aon fhianaise mí-iompair nó coiriúlachta ann i leith garda. Sna cásanna a bhí fágtha, rinneadh imscrúduithe iomlána agus tá na torthaí liostaithe agus mínithe i Rannán 2.

**3. Imscrúdú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le hiompar gardaí nuair is chun leas an phobail é sin a dhéanamh, fiú amháin i gcásanna nach bhfuarthas gearán iontu.**
Osclaíodh 19 imscrúdú leas an phobail in 2016. Osclaíodh seacht gcinn acu ar chinneadh Choimisiún an Ombudsman. Rinneadh an chuid eile ar iarratais ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. D'eascair gach ceann de na hiarratais seo, seachas ceann amháin, as bunú ns Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách. Cuireadh naoi n-imscrúdú leas an phobail i gcrích i rith na bliana agus bhí an chuid eile ar bun fós ag 31 Nollaig 2016.

Bhí seacht n-imscrúdú chun leas an phobail ar bun cheana féin ag tús na bliana 2016. Cé gur cuireadh céim imscrúdaithe a bhformhór seo i gcrích i rith na bliana, bhí gníomhartha eile gan chríoch maidir leis na cásanna seo go léir ag deireadh na bliana.

**4. Scrúdú a dhéanamh ar "cleachtas, beartas nó nós imeachta" ar bith de chuid an Gharda Síochána.**
Cuireadh tús le dhá scrúdú mar seo agus cuireadh chun cinn iad in 2016.

Sa chuid eile den tuarascáil:

Tá tuairisc i **Rannán 5** ar fhiosrúchán a rinneadh faoi alt 109 d'Acht an Gharda Síochána 2005, a cuireadh i gcrích i mí Bhealtaine 2016. Tugtar tuairisc ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil tar éis an fhiosraithe, agus ar na gníomhartha gaolmhara a rinne Coimisiún an Ombudsman.

Léirítear i **Rannán 6** gur laghdaíomar an t-am a glacadh le gach cineál imscrúdú a dhúnadh in 2016 agus mínítear ann na tionscnaimh a rinneadh i rith na bliana le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

**Rannán 7** liostaítear na moltaí a rinneadh leis an Garda Síochána i rith na bliana, nuair a tháinig saincheisteanna córasacha chun cinn le linn imscrúduithe. Rinneadh 36 in 2016, agus é mar aidhm leo líon na ngearán nó na dteagmhas den chineál céanna a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo. Tá freagraí tugtha ag an nGarda Síochána cheana féin ar na bearta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna sin. Áirítear na freagraí sin sa rannán.

**Sa rannán deiridh**, cuirtear síos ar an struchtúr eagrúcháin agus ar an leithdháileadh acmhainní daonna sa bhliain 2016.

# RÉAMHRÁ

Tháinig deireadh le téarma Choimisiún reatha an Ombudsman i mí na Nollag 2016. D'fhág Carmel Foley, a chaith dhá théarma mar Choimisinéir, an eagraíocht. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair a rinne sí le linn a tréimhse - go háirithe an méid a rinne sí, mar chomhalta de chéad Choimisiún an Ombudsman, leis an eagraíocht nua a bhunú thar ceann an Stáit.

Rinne an Rialtas an Breitheamh Mary Ellen Ring ón Ardchúirt, a raibh breis agus bliain caite aici mar cheann na heagraíochta, a ainmniú le hathcheapadh mar Chathaoirleach don téarma nua. Tar éis chomórtais oscailte, roghnaíodh an Dr Kieran FitzGerald agus Mark Toland mar chomhaltaí leis an mBreitheamh Ring. D'fhaomh Tithe an Oireachtais na hainmniúcháin agus ceapadh triúr comhalta Choimisiún nua Ombudman an Gharda Síochána ar an 12 Nollaig 2016.

### Móréachtaí Oibriúcháin

Dúnadh os cionn 1,700 gearán i rith na bliana, agus rinneadh imscrúdú ar 1,015 díobh seo. Bhí sé seo timpeall 20% níos lú ná 2015 (mar gheall ar líon laghdaithe na ngearán a fuarthas). Tháinig méadú ar líon na n-imscrúduithe ar leas an phobail áfach, mar gur iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 21 ag deireadh 2015 agus tús 2016, tar éis bhunú na Meicníochta Athbhreithnithe Neamhspleách. Dúnadh sé chás IRM i rith na bliana, agus tugadh tuarascálacha don Aire agus do na páirtithe leasmhara eile. Tá an chuid eile faoi imscrúdú fós. Dúnadh 55 imscrúdú as atreoruithe ó Choimisinéir an Gharda chomh maith - líon atá cosúil le líon na bliana 2015.

Chuir GSOC 36 moladh faoi bhráid an Gharda Síochána in 2016, i dtaobh saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn imscrúduithe agus a raibh cuma chórasach orthu, seachas iad garda aonair a bheith mar chúis leo. Táimid ag súil leis an líon gearán in aghaidh na ngardaí a laghdú le comhroinnt an aiseolais seo mar threoir d'fhorbairt bheartais agus do chleachtais phóilíneachta. Creideann Coimisiún an Ombudsman gur gné an-tábhachtach dearfach den mhaoirsiú é seo.

Aon uair a thugamar faoi deara gur bhain torthaí agus/nó moltaí imscrúdaithe le hobair a bhí á dhéanamh ag gníomhaireachtaí maoirseachta nó grúpaí oibre eile, chuireamar na comhlachtaí seo ar an eolas faoinár n-imscrúdú.

### Rannpháirtíocht le fiosrúcháin agus coimisiúin imscrúdaithe.

Chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais fiosrú ar bun faoi alt 109 den acht i mí Mheithimh 2015, tar éis do bhall den Gharda bás a fháil agus é faoi imscrúdú ag GSOC. Lean GSOC lena rannpháirtíocht leis an bhfiosrú, faoi threoir an Bhreithimh Frank Clarke as an Chúirt Uachtarach, i rith thús na bliana 2016. Chuir an Breitheamh Clarke a thuarascáil dheireanach faoi thorthaí an fhiosraithe faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an 3 Bealtaine 2016. Ar an 17 Meitheamh 2016, chuir an tAire cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisiún an Ombudsman le cibé gnímh a dhéanamh a mheas sé a bheadh oiriúnach do na cúinsí. D'fhoilsigh an tAire sliocht as an tuarascáil, lena n-áirítear an cinneadh agus na moltaí a rinneadh.[1]

Aithníonn Coimisiún an Ombudsman tábhacht na hoibre a rinne an fiosrú. Rinneadh an tuarascáil chuimsitheach a mheas go cúramach sa Choimisiún agus thosaigh sé ar ghníomhartha cuí a mheas agus a fheidhmiú le linn an dara leath de 2016. Tugtar sonraí na hoibre i Rannán 5.

I rith 2016, leanamar ar aghaidh lenár rannpháirtíocht le dhá choimisiún imscrúdaithe eile, ceann faoi cheannas an Bhreithimh Nial Fennelly agus an ceann eile faoi cheannas an Bhreithimh Kevin O'Higgins.

### Cumhachtaí agus próisis nua

I rith 2016, bhí GSOC ag obair le próisis agus nósanna imeachta atá riachtanach lenár ndualgais faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 a chomhlíonadh. Mhéadaigh líon na nochtuithe a fuarthas in 2016 (féach Rannán 3.3), agus táimid ag dréim leis go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh in 2017. Chun na críche seo, phléigh Coimisiún an Ombudsman an gá atá le hacmhainní breise a chur ar fáil don fheidhm thábhachtach seo leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, d'fhonn seachadadh níos éifeachtaí a dhéanamh air.

1 http://www.justice.ie/en/JELR/Extract-from-the-Report-of-The-Honourable-Mr-Justice-Frank-Clarke-concerning-an- Inquiry-pursuant-to-Section-109-of-the-Garda-Siochana-Act-2005.pdf/Files/Extract-from-the-Report-of-The-Honourable- Mr-Justice-Frank-Clarke-concerning-an-Inquiry-pursuant-to-Section-109-of-the-Garda-Siochana-Act-2005.pdf

Chuir Coimisiún an Ombudsman an chumhacht nua atá in Acht an Gharda Síochána 2015[2] - scrúduithe ar chleachtais, beartas agus nósanna imeachta an Gharda a thiomsú - i bhfeidhm (faoi alt 106 den Acht). Cuireadh an chumhacht nua seo i bhfeidhm le scrúduithe a thiomsú maidir le dhá shaincheist atá le feiceáil in imscrúduithe GSOC le blianta anuas. Bhí dul chun cinn maith déanta ar an dá scrúdú i rith na bliana ach bhí siad fós ar bun faoi mhí na Nollag 2016. Sa chéad scrúdú táthar ag amharc ar ghnéithe áirithe d'fheidhmiú an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, lena bhfuil béim curtha ar shaincheisteanna ag mórán imscrúduithe le blianta anuas, tar éis atreoruithe faoi alt 102(1). Tá scrúdú á dhéanamh sa dara ceann ar an meas atá á dhéanamh ar shábháilteacht agus leas daoine a bhíonn i bhfeithiclí urghafa, saincheist a spreag os cionn 40 gearán ó dhaoine éagsúla le GSOC le blianta anuas. Tá tuairisc faoin obair atá faoi lánseol maidir leis na scrúduithe seo ar fáil i Rannán 4. Creideann an Coimisiún gur féidir leis na scrúduithe seo cur go dearfach agus go tógálach le feabhsú leanúnach na gcleachtas póilíneachta.

Rinneadh foráil in Acht an Gharda Síochána (Údarás Póilíneachta) 2015 le hÚdarás Póilíneachta nua a bhunú, agus bunaíodh é i mí Eanáir 2016. Bhuail an Coimisiún agus baill foirne le comhaltaí an Údaráis ar ócáidí éagsúla i rith na bliana, le bealaí chun obair le chéile a aontú.

### I dtreo faisnéise níos soiléirí agus níos intuigthe

Mar chuid dá fhreagra ar Fhiosrú Clarke, mhéadaigh GSOC a rannpháirtíocht la baill an Gharda Síochána in 2016 d'fhonn faisnéis shoiléir intuigthe a scaipeadh faoin gcaoi a fheidhmíonn GSOC. In 2016, rinneamar seachadadh ar cheardlanna saincheaptha leathlae chuig beagnach 400 gardaí de gach céim a raibh ardú céime faighte acu le déanaí, agus fuarthas aiseolas dearfach leanúnach i rith na bliana. Chuir GSOC ceithre cheardlann ar fáil in 2016 freisin don Aonad Tacaíochta Armtha nua (ASU) agus ceann don Aonad Práinnfhreagartha náisiúnta (ERU). Dhírigh na ceardlanna seo ar fhreagra oibriúcháin GSOC do theagmhais le harm tinne agus ar na nithe a bhféadfadh gardaí a bheith ag súil leo sna cúinsí seo. I rith na bliana chruthaíomar leabhrán faisnéise do na gardaí chomh maith, bunaithear na ceisteanna is coitianta a cuireadh le linn seisiún ag Coláiste an Gharda. D'aontaigh an Garda Síochána an fhaisnéis seo a chur ar fáil dá chuid ball trína chóras inmheánach tairsí agus táimid ag súil go gcuirfear é seo i bhfeidhm go luath in 2017. Chruthaíomar bileog chomh maith faoi imscrúduithe an GSOC a d'eascair as atreorúcháin ón Gharda Síochána, mar eolas do ghardaí a bheadh páirteach in imscrúdú faoi cad a tharlaíonn le linn imscrúdaithe.

Bhí dáileadh na bileoige seo ó fhoireann imscrúdaithe GSOC, agus atreoruithe á bhfreagairt, ar bun faoi dheireadh na bliana.

Chomh maith leis an obair seo, rinneamar nuachóiriú ar ár bhfoirm ghearáin agus rinneadh forbairt ar bhailiúchán nua ábhair fhaisnéise atá dírithe ar an ghnáthphobal; cuireadh iad seo i gcló agus dáileadh iad ag deireadh 2016. Tá bileog ann ina mínítear conas gearán a dhéanamh le GSOC; ceann leis na bealaí éagsúla inar féidir le GSOC déileáil le gearán nuair a ghlactar leis; agus bileog ina dtugtar faisnéis atá dírithe ar íospartaigh coire. Tosaíodh ar an obair ar láthair gréasáin nua, agus tá sé beartaithe é a sheachadadh sa chéad leath de 2017. Is í aidhm na hoibre seo, a chinntiú go mbeidh faisnéis shoiléir intuigthe, agus rochtain éasca, ar fáil maidir le seirbhísí GSOC agus a bhealach oibre. Chomh maith leis an méid seo thuas, rinne GSOC a lógó agus a bhrandáil a fhorbairt le linn 2016, le cló-aghaidh níos inrochtana agus dearadh atá níos oiriúnaí do fhoilseacháin digiteacha. Beifear á chur seo ar fáil i rith na bliana 2017.

2 http://gardaombudsman.ie/docs/Legislation/GS_Amendment_Act2015.pdf

## Obair i dtreo na ndeich mbliana atá romhainn

I mí Mheán Fómhair, bhuail Coimisiún an Ombudsman le Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Oireachtais, le haighneacht[3] a dhéanamh os comhair an Choiste agus le tosaíochtaí GSOC agus na saincheisteanna agus na dúshláin thábhachtacha atá ann don eagraíocht a phlé. Nithe a pléadh:

- Saincheisteanna miona atá dírithe ar sheirbhísí a réiteach go luath agus ar bhealach níos éifeachtaí agus níos cuí, trí úsáid a bhaint as córais bainistiú líne atá cheana féin ag an nGarda Síochána. Creideann Coimisiún an Ombudsman go gceadódh sé seo níos mó saoirse leis na saincheisteanna seo a réiteach, seachas díriú ar chúiteamh. D'fhéadfaí réiteach a bhaint amach níos éifeachtaí trí bhainistiú líne ná tríd an phróiseas foirmeáilte atá leagtha síos i Rialacháin an Gharda Síochána 2007 (na Rialcháin Araíonachta). D'fhéadfadh GSOC an dara dheis réitigh a chur ar fáil le haghaidh saincheisteanna nach féidir a réiteach, ar nós an chórais atá ag an Police Investigations and Review Commissioner (PIRC) in Albain agus an Independent Police Complaints Commission (IPCC) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.
- D'fhéadfaí úsáid níos leithne agus níos éifeachtaí a bhaint as réiteach neamhfhoirmeáilte Choimisiún an Ombudsman, trína chur ar chumas Ombudsman an Gharda Síochána a chinneadh ar cheart triall a bhaint as nó nár cheart, mar a dhéanann Ombudsman na bPóilíní i dTuaisceart Éireann.
- Is ceart tabhairt faoin easpa maoirseachta agus cuntasachta ceart atá in imscrúduithe foirmeáilte araíonachta Oifig Imscrúdaithe an Gharda Síochána, d'fhonn muinín an phobail sa phróiseas le gearáin a réiteach a chur chun cinn. Mar shampla,
  - Faoi alt 94(10) is ceart go mbeadh ceart fiúntach ag gearánach ar athbhreithniú ar imscrúdú ar ghearán ag GSOC in imscrúduithe a dhéanann oifigeach de chuid an Gharda nach bhfuil faoi mhaoirseacht GSOC.
  - In imscrúdú a dhéanann oifigeach de chuid an Gharda atá faoi mhaoirseacht GSOC (agus in imscrúduithe a dhéanann GSOC ar ábhair neamhchoiriúla), is ceart go mbeadh ar an Gharda Síochána míniú a thabhairt nuair nach bhfuil sé ag aontú le moltaí i dtuarascáil imscrúdaithe.
- Ní mór tuilleadh soiléiriú agus neartú a dhéanamh ar chumhachtaí an GSOC comhoibriú tráthúil a fháil ó ghardaí d'fhonn imscrúduithe a chur i gcrích.
- Ní mór feabhas leanúnach a spreagadh i dtráthúlacht imscrúduithe araíonacha agus i soláthar faisnéise ón Gharda Síochána. Cé go bhfuil feabhsúcháin chinnte déanta ó chuir GSOC béim ar líon na bhfadhbanna a bhain le tráthúlacht in 2013, tá go leor le feabhsú go fóill. Rachaidh sé seo chun leas bhaill an phobail agus na ngardaí a ndéantar gearáin fúthu.

Bhí díospóireacht an-fhiúntach ann tar éis na haighneachta. D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach[4] i mí na Nollag faoi shaincheisteanna maoirseachta agus cuntasachta an Gharda. Tionóladh cruinniú ina dhiaidh sin idir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Coimisiún an Ombudsman. Rinneadh forbairt ar dhíospóireacht a bhí ann roimhe sin faoi na bealaí éagsúla inar féidir an córas gearáin a fheabhsú, agus díriú ar an reachtaíocht agus na próisis a shimpliú.
Creideann an Coimisiún gur gá athrú bunúsach a dhéanamh ar an reachtaíocht in 2017 - agus an Coimisiún bunaithe le deich mbliana - ina gcuirfear a lán dá bhfuil foghlamtha le linn blianta oibriúcháin an Choimisiúin i bhfeidhm, ionas go mbeidh GSOC in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

3 https://gardaombudsman.ie/docs/publications/Submission_JOC_GSOC_201609.pdf

4 http://www.oireachtas.ie/parliament/media/committees/justice/Report-on-Garda-Oversight.pdf

# RANNÁN 1: GEARÁIN

Leagtar rialacha agus próisis amach in Ailt 83 go 101 den Acht ina sainmhínítear conas a chaithfidh GSOC déileáil le gearáin.

## 1.1 MÉID NA BHFIOSRAITHE

D'fhreagair cásoibrithe **3,232 glaoch teileafóin** chuig uimhir íosghlao GSOC in 2016. Freagraíodh 99% de na glaonna laistigh de 60 soicind.


Bhuail cásoibrithe le **351 duine go pearsanta** inár n-oifigí poiblí. Rinneadh teagmháil chomh maith le GSOC sa phost, ar ríomhphost, facs agus trí stáisiúin an Gharda.

Ar dtús oscalaítear gach teagmháil mar 'fhiosrú' inár gcóras, go dtí go mbíonn dóthain faisnéise againn lena uasghrádú go gearán agus a inghlacthacht a mheas.

## 1.2 MÉID NA NGEARÁN AGUS NA LÍOMHAINTÍ

Osclaíodh **1,758** gearán in 2016, laghdú 12% i gcomparáid le 2015. Bhí **3,768 líomhain** sna gearáin seo (mar is féidir líomhaintí éagsúla a dhéanamh in aon ghearán amháin).

**Cairt 1:** Cúinsí taobh thiar de na gearáin (Total Complaints: 1,758)




Ba iad na trí chomhthéacs ba mhinice maidir le hiompar na ngardaí in 2016: stiúradh imscrúduithe ag gardaí, an tseirbhís chustaiméirí a chuir gardaí ar fáil agus stiúradh gabhálacha ag gardaí.


> Féach próifílí na ndaoine a rinne gearáin agus na gardaí a ndearnadh gearán fúthu sna hAguisíní.

Ar an chéad leathanach eile tá léarscáil ina dtaispeántar dáileadh geografach na líomhaintí i ngearáin a rinneadh in aghaidh gardaí in 2016. Taispeántar na líomhaintí go léir, sula ndearna GSOC cinneadh cad iad na cinn a bhféadfaí glacadh leo agus nach bhféadfaí.

Taifeadadh an líon is mó gearán sa tír in aghaidh gardaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar a bheifí ag súil leis, mar gheall ar an daonra mór agus an ghníomhaíocht phóilíní a bhíonn ann dá bharr sin. Tháinig an líon ba mhó ó Rannáin RCBÁC Thiar agus Lár-Theas, mar a tharla freisin in 2015.

Lasmuigh de RCBÁC, áfach tharla athruithe suntasacha ó 2015. Ba iad Gaillimh agus Corcaigh na Rannáin ba mhó a ndearna líomhaintí in aghaidh na ngardaí iontu in 2016. Ar an lámh eile, tá sé an-suntasach gur taifeadadh ceann de na líonta is ísle líomhaintí (70) i Rannán Chill Chainnigh –Cheatharlach áit a raibh an líon is airde líomhaintí in aghaidh gardaí in 2015 (220). Tar éis foilsiú fhigiúirí gearáin 2015, rinne an tOifigeach Rannáin i gCill Chainnigh-Ceatharlach teagmháil le GSOC ag lorg miondealú ar na hábhair gearáin agus na comhthéacsanna inar eascair formhór na ngearán sa Rannán, mar threoir do ghníomhaíocht bainistíochta le gearáin in aghaidh na mball a laghdú. Is léir ó na staitisticí go raibh éifeacht ag an ngníomhaíocht seo.


**Léarscáil 1:** Líomhaintí ó bhaill den phobal chuig GSOC, de réir Rannáin na nGardaí (Iomlán na líomhaintí: 3,743, mar nárbh fhios an Rannán i 25 Líomhain)



## 1.3 CAD IAD NA NITHE A NDÉANANN DAOINE GEARÁN FÚTHU?

Bíonn na hábhair ghearáin a bhíonn ag daoine le GSOC mórán mar a chéile ó bhíonn go bliain.

**Cairt 2:** Cineálacha líomhna (Iomlán Líomhaintí: 3,768)




- Mí-úsáid údaráis (33%)
- Faillí i ndualgas (31%)
- Non-fatal Offence (13%)
- Míchúirtéis (10%)
- Bréagacht nó seachantacht (2%)
- Mí-úsáid mhíchuí as faisnéis (2%)
- Eile (9%)


Léirítear i gCairt 2 na hábhair is minice a ndéanann daoine gearán fúthu:

- Mí-úsáid údaráis – Is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an ngarda é a éileamh na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mí-úsáid údaráis'.
- Faillí i nDualgas' – Gnáthshamplaí de 'faillí i ndualgas' is ea líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine ag taobh amháin den scála agus coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart ag an taobh eile
- Cionta Neamh-mharfacha - líomhaintí iad seo de chion coiriúil atá liostaithe san Acht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine 1997, mar shampla ionsaí, ciapadh nó príosúnú neamhdhleathach.
- Míchúirtéis – gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.

## 1.4 INGHLACTHACHT

Déantar gearáin a fhaightear a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh lena n-imscrúdú.

**Cairt 3:** Cinntí maidir le hInghlacthacht Gearán (Iomlán Gearán: 1,758)




- Inghlactha / Inghlactha go Páirteach (62%)
- Neamh-inghlactha (35%)
- Ar feitheamh ag deireadh bliana (2%)
- Tarraingíodh an gearán siar roimh an gcinneadh/Fiosrú (1%)

### Conas a chinnimid cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar gearán le haghaidh imscrúdú?

De réir alt 87 den Acht, féadfaimid gearán a ghlacadh más rud é:


- **go** ndéanann duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm air nó duine a fheiceann an t-iompar an gearán (nó, i gcúinsí áirithe, go ndéantar an gearán thar a cheann); agus
- **go bhfuil sé** i dtaobh iompair a bheadh, dá gcruthófaí é, ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht na nGardaí ag ball den Gharda Síochána; agus
- **go ndéantar é** laistigh de theorainn ama bliana ón teagmhas is bun don ghearán; agus
- **nach** gearán suaibhreosach ná cráiteach é; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána; agus

- **nach** mbaineann an gearán le hiompar arna dhéanamh ag ball den Gharda Síochána nuair a bhí an ball as dualgas, **ach amháin** sa chás gur dhócha go dtarraingeodh an t-iompar míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é.

## 1.5 GEARÁIN NEAMH-INGHLACTHA

In 2016, measadh nach raibh 619 inghlactha mar nár chomhlíon na líomhaintí a bhí iontu (868 san iomlán) na critéir inghlacthachta atá leagtha amach san Acht. Léirítear na cúiseanna sa chairt seo thíos.

**Cairt 4:** Cúiseanna le neamh-inghlacthacht Líomhaintí (Líomhaintí Neamhinghlactha: 868)




- Níor mhí-iompar é an t-iompar a ndearnadh gearán faoi (75%)
- Bhí an gearán as am (16.5%)
- Ní raibh údarás ag an duine gearán a dhéanamh (4%)
- Bhí an gearán suaibhreosach nó cráiteach (2%)
- Bainteach le Rialú Ginearálta agus Stiúradh an Gharda Síochána (2%)
- Ní raibh an Garda ar dualgas (0.5%)

Ba í an chúis ba choitianta – a tugadh in 651 líomhain fiú dá gcruthófaí é, nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina choir ná ina bhriseadh ar na Rialacháin Araíonachta. Samplaí coitianta de sin is ea gearáin ó dhaoine a fuair pointí pionóis nó fíneálacha páirceála: cé go bhféadfadh go mbeadh forais acu chun agóid a dhéanamh ina n-aghaidh, ní hé GSOC an comhlacht iomchuí chun déileáil le hábhair den sórt sin toisc nach ndearna an garda a chuir an smachtbhanna i bhfeidhm sárú araíonachta agus é sin á dhéanamh aige.

Ba é an dara cúis ba choitianta nár glacadh le gearán lena imscrúdú ná go bhfuarthas na líomhaintí a bhí iontu lasmuigh den teorainn ama a shonraítear in alt 84 den Acht. Sa bhliain 2016, cinneadh 143 líomhain a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin.

### Gearáin 'as am' a ghlacadh le dea-chúis

Glacadh le 27 ngearán a bhí 'as am' in 2016, mar gur mheas GSOC go raibh cúis mhaith le sin a dhéanamh. (le Alt 84(2) den Acht tá sé de dhiscréid ag GSOC an t-am a shíneadh má bhíonn cúis mhaith leis).

Tá gá praiticiúil ann le teorainn ama mar gurbh fhéidir go mbeadh sé níos deacra, ag brath ar chineál an cheana líomhnaithe, fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, ráitis bheachta a fháil, etc., agus tríd sin, imscrúdú éifeachtach a dhéanamh de réir mar a mhéadaíonn an tréimhse ama idir an teagmhas líomhnaithe agus déanamh an ghearáin agus aon imscrúdú ina dhiaidh sin.


Mar sin féin, measann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gurb é atá sa lánrogha thuas chun gearán a ghlacadh i gcásanna cuí, cé go bhfuil sé 'as am', ná cosaint an-tábhachtach sa phróiseas maoirseachta.

Fuair GSOC 1,758 ngearán in 2016. Bhí 619 neamh-inghlactha go hiomlán, agus 1,090 inghlactha nó inghlactha i bpáirt. Bhí 49 ag fanacht ar chinneadh faoi ar cheart glacadh leo nó gan glacadh leo ag deireadh na bliana, nó bhí siad tarraingthe siar.

## 1.6 GEARÁIN INGHLACTHA

In 2016, glacadh le 1090 cás (ina raibh líomhain inghlactha amháin ar a laghad) le himscrúdú. Déileáladh leis na cásanna ansin ar cheann de chúig bhealach, mar a thuairiscítear thíos.

**Cairt 5:** Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil (Iomlán 1,067*)




Cairt 5 – agus líon na gcineálacha éagsúla imscrúdaithe a osclaíodh atá tugtha ar fud an rannáin seo - tagraíonn siad don bhealach inar déileáladh ar dtús le gach gearán a glacadh. Is féidir leis seo athrú i rith saolré an cháis. Mar shampla is féidir imscrúdú neamh-mhaoirsithe araíonachta a athrú go ceann maoirsithe nó féadfaidh GSOC imscrúdú neamhchoiriúil a dhéanamh. Nó, nuair a bhíonn gnéithe coiriúla ghearáin imscrúdaithe, is féidir breathnú ar aon ghnéithe neamhchoiriúla de.

### 1.6.1 Imscrúduithe coiriúla

Déanann imscrúdaitheoirí GSOC féin imscrúdú ar gach líomhain faoi chionta coiriúla ag gardaí (faoi alt 98 den Acht). Osclaíodh 345 imscrúdú coiriúil sa bhliain 2016.

**Staidéar ar Chás**

Rinne fear gearán le GSOC gur stop na gardaí é gan chúis. Líomhnaigh sé gur leagadh lámh air, gur tugadh íde béil dó agus go ndearnadh bagairt air, agus nuair a rinne a pháirtí gearán faoin iompar seo, agus taifeadadh físe air, gur leag garda a fón go talamh, ag déanamh dochair dó.

Tharla an teagmhas i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus rinneadh fiosruithe le teacht ar aon taifeadach CCTV a bheadh ar fáil. Rinneadh fiosruithe le siopa sa cheantar, le Bus Átha Cliath agus leis an nGarda Síochána, madir lena gceamaraí sráide. Fuarthas píosaí físe ó chodanna den teagmhas ó áitribh mhiondíola éagsúla, agus ó cheamaraí an Gharda. Cuireadh an fón damáistithe ar aghaidh le haghaidh anailíse agus fuarthas comhaid físe éagsúla ón teagmhas, ag úsáid bogearra speisialaithe.

Taispeánadh ón CCTV agus ó fhíseanna an fóin go raibh fórsa á úsáid ag an ngarda in aghaidh an fhir. Ní léir go raibh an fórsa á úsáid le gabháil a dhéanamh, ná mar fhéinchosaint. Mheas GSOC go mb'fhéidir go raibh fórsa á úsáid le briseadh síochána a sheachaint. Ina agallamh faoi rabhadh, rinne an garda a bhí i gceist cur síos ar iompar a chreid sé bheith ionsaitheach ón fhear. Ba chosúil ón bhfísthaifeadadh áfach, go raibh an fear, lena pháirtí agus a leanbh, ag iarraidh cloí le horduithe an gharda an ceantar a fhágáil.

Níor thaispeáin an físthaifeadadh a bhí ar fáil aon fhianaise go raibh an damáiste don bhfón déanta ag ceachtar de na gardaí, is é sin, níor nochtadh aon chionta a bhaineadh le damáiste coiriúil. Ní dhearnadh aon ghníomh eile maidir leis an chuid sin den ghearán dá bhrí sin. »

* Tá an líon iomlán imscrúduithe a osclaíodh (1,067) beagán níos lú ná an líon iomlán cásanna a glacadh. Ag deireadh na bliana, bhí roinnt cásanna fós ag fanacht ar chinneadh faoin tslí ba fhearr le déileáil leo.

» Cé gur tharla an teagmhas i rith an lae in ionad gnóthach, níor aithníodh aon fhinnéithe neamhspleácha. Chuir imscrúdaitheoirí GSOC agallamh ar chomhghleacaí an gharda a bhí i lár an imscrúdaithe faoinar chonaic sé agus mar gheall ar a chuntas tógadh an dara ráiteas ón ghearánach agus óna pháirtí le nithe a luaigh an t-oifigeach sin a shoiléiriú. Cuireadh agallamh faoi rabhadh ar an gharda a raibh na cionta curtha ina leith agus d'fhreagair sé ceisteanna a cuireadh air.

Cuireadh comhad chuig an ionchúisitheoir poiblí le deimhniú ar cheart an t-oifigeach a bhí ina ábhar gearáin a chúisiú in ionsaí. Bheartaigh an t-Ionchúisitheoir Poiblí gan an t-oifigeach a chúisiú ar an mbonn nach raibh a iompar ina ionsaí.
Chuir GSOC an toradh seo in iúl do gach páirtí agus cuireadh tuarascáil chuig Coimisinéir an Gharda le tuairisc ar an iompar, ionas go bhféadfadh an Garda Síochána cinneadh a dhéanamh faoi ghníomhú araíonachta.

### 1.6.2 Imscrúdú araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

**Réiteach neamhfhoirmiúil** (faoi alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d’Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán nár tugadh a réadmhaoin ar ais dó. Bíonn sé sin níos tapa ná imscrúdú foirmiúil. Is próiseas deonach é agus tá toiliú an dá pháirtí ag teastáil ann. Osclaíodh 110 cás réitigh neamhfhoirmiúil sa bhliain 2016.

**Staidéar ar Chás**

Chuaigh bean chuig stáisiún áitiúil an Gharda le gearán a dhéanamh faoi theagmhas ar iompar poiblí. Dúirt sí gur dhiúltaigh an garda ansin glacadh lena gearán, á rá léir é a dhéanamh
ag stáisiún Garda eile, mar ar tharla an teagmhas. Chreid sí gur faillí dualgais a bhí anseo mar gur chomhairlaigh líne chabhrach an Gharda di níos lúithe go bhféadfadh sí a tuairisc a dhéanamh in aon stáisiún de chuid an Gharda.

Glacadh an gearán agus measadh go raibh sé oiriúnach le déileáil leis trí réiteach neamhfhoirmeáilte. Tar éis an garda a bhí i gceist a athint le cúnamh ón nGarda Síochána, d'aontaigh an bheirt pháirtí le réiteach neamhfhoirmeáilte.

Trí ghlaonna fóin idir cásbhainisteoir GSOC agus an gearánach, agus cásbhainisteoir GSOC agus an garda a bhí i gceist, míníodh seasach na bpáirtithe dá chéile. Tugadh aird ar leith ar an chúis a bhí ag an gharda a chomhairliú don bhean dul go stáisiún eile ar an ócáid seo. Thuig an bhean an míniú a tugadh, ach shíl sí nach raibh sé sin soiléir ag an am. Thuig an garda fáth a gearáin. D'aontaigh siad beirt to raibh réiteach sásúil ar an ghearán.

**Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána** (faoi alt 94 den Acht) – Is iad Ceannfoirt de chuid an Ghharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe den sórt sin ar aon dul leis na Rialacháin Araíonachta. Féadfaidh GSOC a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé maoirseacht ar an imscrúdú. Ní dhéantar maoirseacht ar fhormhór na ngearán a tharchuirtear chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena n-imscrúdú faoi alt 94 (ocht as deich in 2016).

Más imscrúdú gan mhaoirseacht é, de réir na bprótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór an t-imscrúdú a chríochnú agus ní mór tuarascáil deiridh a eisiúint ina leith laistigh de 16 seachtaine. I measc na gcásanna a imscrúdaíodh mar seo tá líomhain go ndearna cuardach gan bharántas ar theach, nó gur bhain mí-úsáid údaráis leis an tslí a ndearnadh gabháil. Osclaíodh 456 chás den sórt sin sa bhliain 2016.

## Staidéar ar Chás

Rinne bean gearán le GSOC gur thug sí cuairt ar Stáisiún an Gharda le foirmeacha a fháil le fianú agus stampáil a fháil ar phasanna a cuid leanaí. Dúirt sí nach nglacfadh an garda a bhí ag déileáil léi leis an chineál ID a bhí á thaispeáint aici. Nuair a ghlaoigh sí ar ais coicís ina dhiaidh sin, dúirt sí gur dhéileáil sí leis an gharda céanna, agus gur ghlac sé lena ID ar an ócáid sin. Dúirt sí gur phléigh an garda go neamhchuirtéiseach léi.

Mheas GSOC go bhféadfaí déileáil go neamhfhoirmeáilte leis an ghearán seo gan imscrúdú ó cheanfort an Gharda. Thoiligh an bhean leis seo ach níor thoiligh an garda a bhí i gceist. Dá thoradh sin, rinne ceannfort den gharda imscrúdú araíonachta.

Thóg an ceannfort ráitis ón bhean agus óna fear céile, agus ón gharda a bhí i gceist. Iarradh físthaifeadadh ón stáisiún Garda chomh maith, ach ní raibh sé ar fáil níos mó, mar nach gcoinnítear taifeadadh CCTV ach ar feadh roinnt seachtainí. Iarradh doiciméadúchán le sonraí diúité an gharda a bhí i gceist agus léirigh sé seo nach raibh an garda ag obair ar an dáta a tharla an chéad teagmhas a raibh gearán faoi. Seiceáladh an dáta faoi dhó leis an ghearánach ach d'áitigh sí gurb é sin an dáta.

Dheimhnigh an garda a bhí i gceist i ráiteas nach raibh sí ag obair ar an chéad dáta ach gur dhéileáil sí leis an bhean a rinne an gearán ar an dara dáta. Thug sí mionchuntas ar an idirghabháil agus dúirt sí gur chreid sí gur chaith sí go ceart leis an bhean i rith an ama.

Tar éis imscrúdú a mhair deich mí, ba é tuairim an cheannfort imscrúdaithe nach raibh sárú araíonachta ar bith déanta ag an gharda.

### *Athbhreithnithe ar imscrúduithe araíonachta*

Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne Ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid GSOC athbhreithniú ar an ábhar. Is é an ról atá ag GSOC sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor us an raibh an toradh cuí air (i.e. gan ath-imscrúdú a dhéanamh).

Níl an chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh nó an toraidh. Tugaimid tuairisc do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe. Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta gcrích, ní féidir an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach, áfach, go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den chineál céanna in imscrúduithe sa todhchaí.

Ina aighneacht chuig Comhchoiste Dlí agus cirt agus Comhionannais an Oireachtais, dúirt Coimisiún an Ombudsman nach féidir ceart bríoch athbhreithnithe a cheadú sna cúinsí seo, agus d'iarr sé go dtabharfaí faoin cheist le hathrú reachtúil, le súil le muinín sa phróiseas gearán a chur chun cinn. Bhí áthas ar an Choimisiún glacadh le tacaíocht an Choiste, a chuir an cheist seo san áireamh ina dTuarascáil a d'fhoilsíodar i mí na Nollag.

Fuarthas 50 iarraidh ar athbhreithniú sa bhliain 2016 (I dtaca le himscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2016 nó i mblianta eile). Cuireadh 48 cinn i gcrích faoi dheireadh na bliana. I gceann de na cásanna seo, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, scríobh GSOC chuig Coimisinéir an Gharda maidir le stiúradh an imscrúdaithe agus a thoradh. Sna cásanna eile, níor tháinig aon ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú ar an ngearán, ar thoradh an imscrúdaithe ná ar an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm (dá mb’ann dó).

**Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána** (faoi alt 94 den Acht) – Má mheastar gur ar mhaithe le leas an phobail é go ndéanfadh GSOC maoirsiú ar imscrúdú, bualfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe GSOC le Ceannfort na nGardaí le plean imscrúdaithe a chomhaontú, agus le páirt a ghlacadh i ngníomhartha imscrúdaithe, agus ní mór dóibh tuarascálacha eatramhacha a fháil. Dar leis na prótacail ní mór imscrúduithe maoirsithe araíonacha a chríochnú agus tuarascáil imscrúdaithe a sholáthar laistigh de 20 seachtain. D'fhéadfadh líomhain níos tromchúisí maidir le faillí i ndualgas a bheith i gceist, mar shampla easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a thuairiscítear do na gardaí. Osclaíodh 143 cás dá leithéid in 2016.

## Staidéar ar Chás

Rinne tuismitheoirí déagóra gearán le GSOC go ndearna comharsa fásta ionsaí gnéis uirthi. Bhí fiosrú déanta ag an Gharda Síochána faoin ábhar seo, lena n-áirítear teach an chiontóra líomhnaithe a chuardach agus é a ghabháil faoi dhó le haghaidh ceistiúcháin. Ghearán na tuismitheoirí le GSOC gur cuireadh moill gan ghá le himscrúdú na nGardaí, gur cailleadh fianaise dá bharr, agus nár cuireadh finnéithe ríthábhachtacha faoi agallamh.
Glacadh leis an ngearán agus measadh go mbeadh sé cuí imscrúdú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigeach GSOC. Aontaíodh straitéis idir an ceannfort imscrúdaithe Gardaí agus oifigeach Ombusdman Gharda Síochána. Rinneadh an ceannfort athbhreithniú ar chomhad imscrúdaithe na nGardaí agus ar na lochtanna a bhí líomhnaithe, agus bhuail sé leis na tuismitheoirí. Bhuail sé ansin le hImscrúdaitheoir Ombudsman an Gharda Síochána le moltaí a dhéanamh maidir leis na gardaí a bhféadfadh briseadh araíonachta a bheith déanta acu san imscrúdú. Ainmníodh seisear gardaí agus chuir an ceannfort faoi agallamh iad, i láthair imscrúdaitheoir Ombudsman an Gharda Síochána. Rinne na baill aighneachtaí agus d'fhreagair siad ceisteanna faoina bhfeidhmíocht le linn imscrúdú an Gharda. »

» Rinne an ceannfort moltaí ansin maidir leis an ngníomhú araíonach a bheadh cuí maidir le gach ball. D'aontaigh GSOC leis na moltaí agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána. Fuarthas go raibh beirt den seisear gardaí ciontach i mbriseadh Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007 agus cuireadh píonós orthu.

**Imscrúdú neamhchoiriúil ag GSOC** (faoi alt 95 den Acht) - Féadfaidh imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin tabhairt faoi chásanna áirithe nach mbaineann le cionta coiriúla, ach ina mbeadh cúrsaí araíonacha agus/nó córasacha i geist leo. Osclaíodh 13 cás dá leithéid in 2016.

## Staidéar ar Chás

Rinne bean gearán le Ombudsman an Gharda Síochána maidir le ball gníomhach den Gharda Síochána a raibh caidreamh aici leis roimhe sin. Líomhnaigh sí gur fhéach an garda ar a sonraí pearsanta trí chóras PULSE an Gharda Síochána. Dúirt an gearánach go ndúirt an garda léi gur fhiosraigh sé í sa chóras nuair a thosaigh a gcaidreamh.

D'oscail Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú neamhchoiriúil maidir le cleachtas míchuí féideartha. Rinne imscrúdaitheoir GSOC an t-imscrúdú. Glacadh le ráiteas ón ngearánach agus iarradh faisnéis ó chóras PULSE ar an nGarda Síochána. Dheimhnigh sé seo gur fhéach an garda a bhí i gceist ar shonraí pearsanta an ghearánigh Cuireadh an garda a bhí i gceist faoi agallamh agus d'admhaigh sé go bhfuair sé rochtain ar shonraí a iarpháirtí agus nach raibh sé sin déanta aige go hoifigiúil.

Eisíodh tuarascáil le hachoimre de na torthaí thuas agus rinneadh moltaí d'Údaráis na nGardaí. Fuarthas go raibh an garda a bhí i gceist ciontach i mbriseadh araíonachta agus cuireadh pionós air.

### 1.6.3 Torthaí Imscrúduithe

Dúnadh1,704 gearán a osclaíodh in 2016 nó i mblianta roimhe sin, in 2016. Bhí 3,839 líomhain sna gearáin seo.

Díobh sin, rinneadh 1,015 ngearán ina raibh 2,879 líomhain a ghlacadh agus a imscrúdú. Tá torthaí ar na gearáin sin liostaithe thíos.

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó i 1,015 de na gearáin, ní raibh 204 de na líomhaintí a bhí iontu inghlactha, agus níor fiosraíodh iad sin. Tá torthaí an 2,675, eile, ar déileáladh leo, liostaithe i dTábla 1.

**Tábla 1:** Torthaí líomhaintí a imscrúdaíodh agus a dúnadh in 2016

| Toradh / Cúis | Míniú | Cineál imscrúdaithe lena mbaineann | Líon líomhaintí |
|---|---|---|---|
| Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún | Is é an cás is coitianta anseo (in ord minicíochta) nach raibh aon fhianaise neamhspleách ann a chruthódh ceachtar leagan den eachtra; níor chomhoibrigh an gearánach leis an fhiosrúchán; nó measadh go raibh an gearán baoth nó bearránach tar éis don fhiosrúchán tosú | Gach cineál | 1,850 |
| Níor aithníodh aon sárú ar Rialacháin Araíonachta | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur mar ba cheart a ghníomhaigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 524 |
| Tarraingíodh an líomhain siar | Chuir an té a rinne an gearán in iúl nach mbeadh siad ag leanúint ar aghaidh leis. | Gach cineál | 154 |
| Níor aithníodh aon mhí-iompar tar éis imscrúdú coiriúil | Chuir an duine a rinne an gearán a chinneadh in iúl nach gcoinneodh sé leis. | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 33 |
| Aithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm | Féadfar réimse smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ag braith ar thromchúis an bhriste a fuarthas (féach Tábla 2). Is ábhar do Choimisinéir an Gharda é an briseadh sonrach a aithint agus aon smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm, faoi na Rialacháin Araíonachta. Níl aon ról ag GSOC sa phróiseas seo. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 75 |
| Atreoraíodh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | Má tá fianaise ann go bhféadfadh cion a bheith déanta atreoraítear an cás chuig an DPP, a dhéanann cinneadh faoi ionchúiseamh nó gan ionchúiseamh. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Ombudsman cás a tharchur chuig an DPP fiú murar léir go ndearnadh coir, le trédhearcacht iomlán, agus muinín an phobail, a chinntiú. (Tá breis sonraí i Rannán 2.) | Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98) | 13 |
| Thángthas ar réiteach neamhfhoirmiúil réitithe | Thángthas ar réiteach ar an ábhar chun sástacht an dá pháirtí. | Réiteach neamhfhoirmeáilte. alt 90 | 8 |
| Níl feidhm le Rialacháin Araíonachta an Gharda níos mó | Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh sé as roimh an imscrúdú nó lena linn. | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94[1]) nó ag GSOC (alt 95) | 18 |
| **IOMLÁN NA DTORTHAÍ** | | | **2,675** |

1 Imscrúduithe faoi mhaoirseacht nó imscrúduithe gan mhaoirseacht.

Má fhaigheann fiosrúchán ag an Garda Síochána faoi alt 94 (maoirsithe nó neamh-mhaoirsithe) nó ag GSOC faoi alt 95, fianaise go bhféadfadh go ndearna garda briseadh ar na Rialacháin Araíonachta, déanann an Garda Síochána cinneadh an raibh briseadh ann nó nach raibh. Is féidir réimse smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ag braith ar thromchúis an bhriste a fhaightear. Tá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in 2016, tar éis cinntí faoi bhriseadh araíonachta, liostaithe i dTábla 2.

**Tábla 2:** Smachtbhannaí Curtha i bhFeidhm ag Coimisinéir an Gharda in 2016, tar éis Imscrúduithe Araíonachta

| Smachtbhanna | Líon |
|---|---|
| Tugadh comhairle | 30 |
| Tugadh foláireamh | 11 |
| Tugadh rabhadh | 9 |
| Tugadh iomardú | 3 |
| Rinneadh laghdú i bpá | 22 |
| **IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ** | **75** |

## Réiteach Neamhfhoirmeáilte in 2016

De réir na reachtaíochta reatha lena rialaítear GSOC, tá toiliú an ghearánaigh agus an gharda atá i gceist ag teastáil le teacht ar réiteach neamhfhoirmiúil. Níor thug an dá pháirtí a dtoiliú ach i gcás amháin as gach ceithre chás a measadh a bheith oiriúnach don réiteach neamhfhoirmiúil.

Measadh 167 gearán a bheith oiriúnach le haghaidh réiteach neamhfhoirmiúil in 2016.

- Níor taifeadadh ach 8 gcinn de na líomhaintí a bheith réitithe go neamhfhoirmiúil, tar éis toiliú.
- Cuireadh 59 de na líomhaintí ar aghaidh le ghaidh fiosrúchán araíonachta mar gheall ar easpa toilithe i leith réiteach neamhfhoirmiúil, nó mura raibh muid in ann an cás a réiteach go neamhfhoirmiúil chun sástacht na bpáirtithe.
- Maidir leis an 100 líomhain eile, 'scoradh' an cás nó dúnadh é gan tuilleadh gníomhaíochta, tar éis fiosruithe a dhéanamh leis an dá pháirtí. I gcuid de na cásanna seo, b'fhéidir go raibh réiteach de chineál éigin faighte, ach ní fhéadfaimis é seo a thaifeadadh mar nach raibh toiliú scríofa an dá pháirtí againn mar a éilítear faoin reachtaíocht reatha. I gcásanna eile, b'fhéidir go raibh réiteach ann, ach ní chreidimid gur thuill na líomhaintí fiosrúchán foirmiúil.

# RANNÁN 2: IMSCRÚDUITHE NEAMHSPLEÁCHA AR BHÁS NÓ AR DHÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH

## 2.1 ATREORÚCHÁIN ÓN NGARDA SÍOCHÁNA FAOI ALT 102(1)


Foráiltear an méid seo le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"Atreoróidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a tharmligeann an chumhacht sin do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu a chinneadh an cuí é teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

Fuair GSOC 51 atreorúchán le linn na bliana 2016.

Tá sé d'aidhm againn gníomhú ar tharchuir go comhréireach, de réir na gcúinsí. Uaireanta, tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, is léir go bhfuil fianaise mí-iompair nó coiriúlachta ann i leith gharda. Ag an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Cairt 6:** Cineálacha Imscrúidaithe i dTarhuir (Iomlán na nAtreorúchán faighte: 51)




Réamh-Scrúduithe (53%)

Imscrúduithe Neamh-Choiriúla ag GSOC (27%),

Imscrúduithe Coiriúla ag GSOC (20%)

Bhain 12 de na hatreorúcháin a fuarthas in 2016 le básanna (13 bás san iomlán). Díobh seo, teagmhais tráchta ba ea cúig theagmhas agus bás amháin i gcoinneáil an Gharda.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine a Chosaint. Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Éilítear san Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 go gcomhlíonfadh comhlachtaí stáit na hÉireann, lena n-áirítear an Garda Síochána, "*a bhfeidhmeanna ar 'shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin"*.

D'fhonn Airteagal 2 den Choinbhinsiún a chomhlíonadh, is ceart do imscrúduithe ar bhásanna a tharlaíonn tar éis teagmhála le póilíní cloí le cúig phrionsabal atá forbartha ag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine[5]. Is iad seo:

- neamhspleáchas
- leordhóthanacht
- poncúlacht
- iniúchadh poiblí
- rannpháirtíocht an íospartaigh


Comhlíontar an riachtanas neamhspleáchas mar gurb é GSOC a dhéanann na himscrúduithe seo. Tuigtear dúinn go bhfuil an ceithre phrionsabal eile á gcomhlíonadh againn chomh maith. Tá ceangal díreach ag an gceann deireanach - rannpháirteach an íospartaigh leis an obair atá déanta againn in 2016 le cloí leis an reachtaíocht le déanaí a thugann cearta sonracha d'íospartaigh coiriúlachta.

Tuigtear dúinn chomh maith nach é GSOC amháin a chinntíonn go gcomhlíontar gach ceann de na prionsabail seo; acu tá a chuid féin á dhéanamh aige, i bpáirt le hOifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, Cúirt an Chróinéara agus comhlachtaí Stáit eile.

Léirítear ar an léarscáil sa chéad leathanach eile dáileadh geografach na n-atreorúchán a rinne an Garda Síochána in 2016.

5 Féach 'Tuairim an Choimisinéara um Chearta Daonna maidir le deimhniú neamhspleách éifeachtach na gearán in aghaidh na bpóilíní, 12 Márta 2009

**Léarscáil 2:** Atreoruithe déanta chuig GSOC, ag an nGarda Síochána, de réir Rannán Garda (Iomlán: 51)



## Staidéar ar Chás

Rineadh atreorúchán chuig GSOC i mí Iúil 2016, tar éis d'fhear a bhí faoi choinneáil ag na gardaí níos luaithe an lá sin bás a fháil.

Gabhadh an fear a d'éag maidin lá a bháis mar go raibh sé ar meisce. Tugadh chuig stáisiún Garda é agus coinníodh i gcillín é ar feadh timpeall dhá uair an chloig.
Níos déanaí sa tráthnóna, chonaic ball den phobal an fear seo ina shuí ar charraig sa cheantar áitiúil. Go luath ina dhiaidh sin chonaic an duine céanna é cromtha os cionn na carraige. Nuair a scrúdaigh an duine seo é, ní raibh aon fhreagra uaidh agus ghlaoigh siad ar na seirbhísí práinne. Cuireadh cúnamh leighis ar fáil ach ní raibh toradh air agus fógraíodh go raibh an fear marbh ar an láthair. D'fhreastail GSOC ar scrúdú iarbháis an Stáit, mar ar deimhníodh gur cúiseanna nádúrtha a bhain le tinneas ba thrúig báis don fhear.

Rinne GSOC imscrúdú ar an ábhar faoi alt 95 den Acht, mar gur measadh go raibh sé soiléir tar éis an chéad scrúdú nach raibh aon chion coiriúil ann. Tugadh an fear go stáisiún Garda agus coinníodh i gcillín é timpeall dhá uair a chloig níos luaithe an lá sin, faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994. Fuarthas amach nach raibh an fear in ann a sheoladh a thabhairt do na gardaí nuair a gabhadh ar dtús é, cé gur iarraidh air go minic é, agus cuireadh faoi choinneáil é dá bharr sin a fhad is a bhí na gardaí ag iarraidh a fháil amach cá raibh cónaí air. Nuair a bhí a sheoladh deimhnithe, tógadh ón chillín é agus tugadh caife gus brioscaí dó.


D'iarr GSOC cáipéisí, tuarascálacha, aighneachtaí agus CCTV ón stáisiún Garda inar coinníodh an fear agus rinne sé athbhreithniú orthu.
Dúirt na gardaí gur labhair siad leis an fhear faoi na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil dó. Scaoileadh saor o agus chruthaigh an garda a ghabh é toghairm. Bhí an fear le feiceáil ar CCTV ag craitheadh láimhe leis an bheirt gharda a bhí ag déileáil leis, sular fhág sé an stáisiún Gardaí. »

» Níor nocht an t-imscrúdú aon iompar a d'fhéadfaí a mheas mar shárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007.
Go deimhin, tuairiscíodh sa tuarascáil gur léir gur thaispeáin an bheirt bhall den gharda an-ómós don té a d'éag le linn a n-idirghabhála leis. Luaigh GSOC freisin gur ghabh teaghlach an fhir buíochas leis an mbeirt gharda ar son an chúraim a thug siad dó sular éag sé.

### 2.1.1 Cúinsí taobh thiar de atreorúcháin

Póilíneacht bóithre an chúinse ba mhinice a bhí taobh thiar de tharchuir chuig GSOC in 2016, teagmhais trácht bóithre de ghnáth.

**Cairt 7:** Cúinsí taobh thair de Atreorúcháin (Iomlán: 51)



## Staidéar ar Chás

Rinneadh an Garda Síochána atreorúchán ar theagmhas tráchta ar bhóthar inar bhain gortú tromchúiseach do rothaí chuig GSOC. Tharla an timpiste idir garda as diúité agus rothaí, beagán tar éis 22:00 san oíche.

D'oscail GSOC imcrúdú coiriúil le fírice an eachtra a fháil amach agus le fáil amach an raibh aon fhianaise faoi chionta coiriúla ann.

Dheimhnigh an t-imscrúdú gur tharla an timpiste ag acomhal nuair a bhí an garda as diúité ag casadh ar dheis agus an rothaí ag dul díreach ar aghaidh. Tharla an t-imbhualadh ag pointe inar chosúil go raibh an chuid is mó den chasadh ar dheis déanta ag an tiománaí. Leis an imbhualadh caitheadh an rothaí san aer ar feadh achair fhada agus thuirling sé ar an lána a bhí ar mhalairt treo ón lána ar a raibh sé ag taisteal. Briseadh rúitín agus barraicín ar a chos dheis, agus caipín na glúine ar a chos chlé. Rinneadh obráid air agus chaith sé sé lá san ospidéal.

Mar go raibh ceart slí ag an rothaí, chreid sé gur thiomáint mhíchúramach ba chúis leis an timpiste.

Tháinig Gardaí beagnach láithreach chuig láthair na timpiste mar go raibh carr patróil ag tiomáint ar an mbóthar céanna. Luaigh siad go raibh an rothaí tugtha faoi deara acu díreach roimh an teagmhas, mar go raibh sé ag craitheadh a lámha agus ag scairtíl orthu agus é ag dul thar an carr patróil. Dúirt an rothaí go raibh sé amhlaidh mar go raibh sé tar éis radharc a fheiceáil ina cosúil go raibh greasáil á thabhairt do dhuine agus go raibh sé ag iarraidh a chur in iúl do na gardaí sa charr patróil go raibh rud éigin ag tarlú sa treo as ar tháinig sé. Tharla an t-idirghníomhú seo timpeall 50 méadar ón áit ar tharla an timpiste.

Cuireadh an tiománaí garda as diúité agus a phaisinéir faoi agallamh, le rabhadh tugtha don gharda go raibh amhras ann go raibh sé ag tiomáint gan cúram ná aird chuí » in aghaidh alt 52 denAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961. Dúirt an bheirt nach bhfaca siad an rothaí go dtí go raibh a chasadh beagnach críochnaithe ag an charr. D'admhaigh an tiománaí nach raibh ceart slí aige agus é ag casadh ar dheis, ach dúirt sé go raibh sé curtha san áireamh aige agus go raibh sé ag tiomáint go cúramach ag am na timpiste.

Ag am na timpiste bhí uaireadóir ar an rothaí le córas rianaithe GPS. Chuir sé íoslódáil ar fáil as seo, don am ar tharla an timpiste. Léiríonn sé seo go raibh sé ag taisteal ag 28 ksu ag am na timpiste. Léirigh ráitis éagsúla go raibh lampa tosaigh ar a rothar ach go raibh éadaí dorcha air.

Bhí teach tabhairne le cumhdach CCTV den scoth ag an acomhal. Cailleadh an fhianaise seo áfach, mar nár tharchuir an Garda Síochána an t-ábhar chuig GSOC go dtí 35 lá tar éis na heachtra agus nach raibh an fhianaise seo bailithe acu idir an dá linn.

Cé go raibh ceart slí ag an rothaí, measadh gur cúinsí maolaithe iad an luas a bhí á dhéanamh aige agus nach raibh éadaí ardléargais á gcaitheamh aige. D'fhéadfadh sé a bheith ábhartha freisin go raibh teagmhas a tharla díreach roimh an timpiste tar éis cur isteach air.

Ag cur na fianaise go léir a bhí ar fáil san áireamh, ba é conclúid an imscrúdaithe nár thus an fhianaise le fios go raibh cion déanta ag an garda as diúité a bhí ag tiomáint. Níor chreid GSOC, i bhfianaise na gcúinsí, go raibh sé riachtanach ná ceart comhad a tharchur chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Dúnadh an cás gan aon ghníomh eile.

### 2.1.2 Torthaí ar Imscrúduithe tar éis atreoruithe

In 2016, dhún GSOC 55 imscrúdú a tosaíodh (in 2016 nó sna blianta roimhe sin) de thoradh ar atreorúcháin ón nGarda Síochána.

**Tábla 3:** Cineálacha imscrúdaithe a rinneadh agus an toradh a bhí orthu (Iomlán na nImscrúdhuithe dúna in 2016: 55)

| Cineál imscrúdaithe agus toradh | Cásanna |
|---|---|
| Dúnadh an cás nár aimsigh scrúdú tosaigh nach raibh aon fhianais ar mhí-a raibh garda ina chúis leis. | 32 |
| Fiosrúchán neamhchoiriúil araíonachta agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompar a raibh garda ina chúis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 7 |
| Fiosrúchán neamhchoiriúil araíonachta agus cuireadh i gcrích é.<br>– chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 1 |
| Fiosrúchán neamhchoiriúil araíonachta agus cuireadh i gcrích é.<br>– níor chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 3 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina chúis leis<br>– ní dhearnadh aon ghníomh breise. | 7 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é.<br>– atreoraíodh chuig an SIP é – stiúradh ionchúiseamh. | 0 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é.<br>– atreoraíodh chuig an SIP é – stiúradh ionchúiseamh. | 4 |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobháilte agus mar nach raibh aon saincheisteanna imní eile ann. | 1 |
| **IOMLÁN** | **55** |

## 2.2 IMSCRÚDUITHE OSCAILTE AG COIMISIÚN AN OMBUDSMAN FAOI ALT 102(2)(B)

*Dar le hAlt 102(2) "Cinnteoidh Coimisiún an Ombudsman go ndéanfar na nithe seo a leanas a imscrúdú:*

- *(a) aon ábhar atá atreoraithe chuig an gCoimisiún faoi fho-alt (1);*
- *(b) aon ábhar a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar baill den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le dochar tromchúiseach a dhéanamh do dhuine."*

Osclaíodh imscrúdú amháin faoi 102(2)(b) in 2016, tar éis eolas a fháil faoi scaoileadh Taser. (Treoraíonn Treoir an Gharda 10/10 do bhaill den Gharda Síochána úsáid fhórsa neamh-mharfach a thuairisciú do GSOC.) Chinn Coimisiún an Ombudsman imscrúdú a oscailt le fíricí an ábhair seo a dheimhniú.

### Staidéar ar Chás

Scaoileadh Taser le linn teagmhais ord poiblí i mí Mheithimh 2016, ar fhreastal Aonad Tacaíochta Réigiúnach an Gharda (RSU) air. Cuireadh an fear a bualadh leis an Taser faoi choinneáil na ngardaí agus dúirt an Garda Síochána le GSOC go bhfaca dochtúir é le linn an ama seo agus nár mhol an dochtúir aon chóireáil eile. Nuair a scaoileadh saor ó choinneáil é an mhaidin dar gcionn áfach, chomhairligh na gardaí dó dul chuig ospidéal, mar go raibh a sciathán ata. Fuair na gardaí amach níos déanaí go raibh a sciathán briste agus dúirt siad é seo le GSOC nuair a chuir siad fógra isteach faoi ghaireas neamh-mharfach a scaoileadh.

Mar go bhféadfaí 'dochar tromchúiseach' a thabhairt ar an ghortú agus gur tháinig sé chun solais le linn teagmhála leis na gardaí, chinn Coimisiún an Ombudsman go mbeadh sé ar leas an phobail fíricí an cháis a dheimhniú. »

» In imscrúdú GSOC breathnaíodh ar an fhianaise go léir a bhí ar fáil le cúinsí scaoileadh an Taser agus cúinsí an ghortaithe a fháil amach.

Ba léir ón scrúdú seo nach raibh aon dochar tromchúiseach déanta mar gheall ar úsáid an Taser. Rinne an fear a gortaíodh ráiteas le himscrúdaitheoir GSOC inar dhúirt sé gur briseadh a lámh in aighneas idir é féin agus duine eile, sular tháinig na gardaí.

Cé nach raibh aon CCTV nó finnéithe neamhspleácha ann ar scaoileadh an Taser, ní dhearna an fear gortaithe aon líomhain in aghaidh na ngardaí maidir le húsáid fórsa.

Ón fhianaise ar bhí ar fáil, is cosúil gur úsáid an garda a Taser mar gur shíl sé go raibh baol láithreach ann dá chomhghleacaí. Dar le cuntas na ngardaí, bhí an fear gortaithe ag tabhairt ruathair faoina chomhghleacaí. Ní mór a aithint go raibh arm cromáin ag an bheirt gharda agus go raibh fíorbhaol ann, dá ngeamódh an faer an garda a raibh sé ag tabhairt ruathair faoi, go bhféadfadh sé teacht ar a arm tine. Ag cur scálaí ama agus achair san áireamh, is ar éigean go mbeadh an garda in ann an fear a stopadh lena lámha, ná go gcoiscfeadh úsáid sprae éagusaithe an fear ó theagmháil fhisiciúil a dhéanamh leis an gharda. Sna cúinsí seo, creideann GSOC go raibh úsáid an Taser inchosanta.

Ní raibh aon chosúlacht gur tharla cion nó briseadh araíonachta sa chás seo, agus dhún GSOC an cás, á thuairisciú seo do na páirtithe go léir.

# RANNÁN 3: IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Chomh maith le foráil a dhéanamh le hábhair a tharchur go GSOC ó Choimisiún an Gharda, déanann alt 102 den Acht foráil le himscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail, fiú nuair nach mbíonn gearán ann, nó atreorúchán ó Choimisinéir an Gharda.

Foráiltear an méid seo le halt 102(4) d'Acht an Gharda Síochána 2005:

*"féadfaidh Coimisiúnan Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh–*

*(a) go ndearna ball den Gharda Síochána cion, nó*

*(b) gur iompair ball den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Luaitear in alt 102(5) freisin:

*"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar ar chosúil go ndearna ball den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ábhar" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Le linn na bliana 2015, leasaíodh an t-alt sin den Acht

- chun ligean don Údarás Póilíneachta nua a iarraidh ar GSOC ábhair a imscrúdú chun leas an phobail, faoin alt n 102(4)(A); agus
- le ceadú don Údarás Póilíneachta nó don Aire ábhar a *atreorú* chuig GSOC le *meas* ar cheart do Choimisiún an Ombudsman é a imscrúdú ar leas an phobail faoin alt nua 102(7).

Cuireadh an tÚdarás Póilíneachta ar bun go foirmeáilte ar an 1 Eanáir 2016, trínar tháinig forálacha nua maidir leis seo i bhfeidhm. Bhuail GSOC leis an Údarás i rith 2016 agus aontaíodh próisis trína gcuirfí na forálacha nua seo i bhfeidhm.

## 3.1 CÁSANNA A OSCLAÍODH SA BHLIAIN 2016

Rinneadh19 imscrúdú chun leas an phobail a oscailt sa bhliain 2016:

- Seacht gcinn faoi 102(4)
- 12 faoi 102(5).

As an seacht gcás a osclaíodh faoi alt 102(4) - is é sin, faoi chinneadh Choimisiún an Ombudsman féin - cuireadh trí cinn i gcríoch i rith na bliana. Tá siad seo imlínithe thíos:

- Fuarthas gearán ó dhuine aonair faoi iompar gharda a bhí i mbun póilíneachta ar léirsiú poiblí i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2016. Agus fianaise á mheas le linn an imscrúdaithe ar an ghearán seo spreagadh Coimisiún an Ombudsman le himscrúdú ar leith a oscailt le hamharc ar ábhair a bhí lasmuigh de raon an ghearáin sin. Tugadh faoi imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é, agus ní bhfuarthas dóthain fianaise gur tharla mí-iompar coiriúil. Níor tugadh faoi aon ghníomh eile.
- D'oscail Coimisiún an Ombudsman imscrúdú chun leas an phobail mar gheall ar thuairimíocht phoiblí agus tar éis d'eagraíocht chearta daonna imní a léiriú faoi fhíseán a dáileadh ar na meáin shóisialta i mí na Nollag 2015. Bhí an chosúlacht sa bhfíseán gur úsáid garda fórsa díréireach ar fhear i mBaile Átha Cliath. Tugadh faoi imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Léirigh an fhianaise a bailíodh go raibh gníomhartha an gharda agus é ag déileáil leis an fhear, dleathach agus cuí. Níor tugadh faoi aon ghníomh eile.
- Fuarthas gearán anaithnid le líomhain go ndearnadh forcheilt ar iarracht fhéindochair a rinne duine faoi aois a bhí faoi choinneáil an Gharda. Ní raibh an gearán inghlactha faoin Acht, ach chinn Coimisiún an Ombudsman gur cheart an t-ábhar a imscrúdú chun leas an phobail. Tugadh faoi imscrúdú ar chionta féideartha coiriúla agus cuireadh i gcrích é. Fuarthas amach go raibh fiosrúchán déanta cheana féin faoin ábhar ag an Gharda Síochána. Mar sin féin rinneadh moltaí éagsúla don Gharda Síochána leis na rioscaí a tháinig chun solais san imscrúdú a mhaolú. (Féach Rannán 7 agus achoimre an cháis thíos.)

Bhí na ceithre cinn eile fós oscailte ag deireadh na bliana 2016. Tá imscrúdú neamhchoiriúil á dhéanamh ar cheann acu:

- Thiomsaigh GSOC imscrúdú tar éis fógra a fháil ón Gharda Síochána faoi scaoileadh arm tine trí thimpiste ag garda i mí Eanáir 2016. Níor tharla aon ghortú. Tá imscrúdú neamhchoiriúil á dhéanamh ar an teagmhas, leis na fíricí a dheimhniú agus le deimhniú an gá aon ghníomh a dhéanamh ionas nach dtarlóidh a leithéid d'eachtra arís.

Tá imscrúduithe coiriúla á ndéanamh faoi na hábhair eile. Is iad na hábhair atá i gceist:

- Líomhain faoi ionsaí gnéis ag garda.
- Forcheilt líomhnaithe ar ionsaí gharda ar dhuine gafa.
- Ionsaí líomhnaithe gharda ar dhuine a bhí ar meisce.

## Staidéar ar Chás

Fuair GSOC gearán anaithnid inar líomhnaíodh gur tháinig na gardaí ar bhuachaill ag déanamh dochair dó féin ina chillín i gCúirt na Leanaí agus gur ghearr siad anuas é, ach go ndearna siad forcheilt ar an teagmhas ina dhiaidh sin.

Mar nach bhféadfaí a dhéanamh amach cé rinne an gearán, ní raibh an gearán inghlactha de réir téarma alt 83 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Ach bheartaigh Coimisiún an Ombudsman go raibh sé chun leas an phobail imscrúdú a oscailt faoi alt 102(4), le fíricí an ábhair a fháil amach.

Tugadh faoi imscrúdú ar chionta féideartha coiriúla. Dheimhnigh an t-imscrúdú gur tharla teagmhas mar a bhí luaite. Léirigh sé go ndearna na gardaí a tháinig ar an bhuachaill taifead faoina iarracht féinghortaithe sa taifead coinneála a choinnítear i gCúirt na Leanaí. Tugadh an buachaill ar ais chuig an Ionad Coinneála áfach gan eolas tugtha don fhoireann tionlacana faoin teagmhas. Theip ar na gardaí a bhí i gceist chomh maith an teagmhas a thuairisciú don bhainistíocht líne agus ní bhfuair bainistíocht an Gharda amach faoin teagmhas ar feadh beagnach sé mhí. »

» Fuair Cigire Garda amach faoin teagmhas le linn comhrá neamhghaolmhar le foireann chúirte. Chuir an Cigire tús láithreach le himscrúdú agus cuireadh bearta ar bun le hatarlú a chosc.

Rinneadh imscrúdú ar na gardaí a bhí rannpháirteach de réir Rialacháin (Araíonacht) na nGardaí, 2007 agus fuarthas nach raibh briseadh déanta acu. Mhol an tOifigeach Cinnte go dtabharfaí breis oiliúna don fhoireann a bhíonn ag déileáil le príosúnaigh a bhíonn faoi choinneáil i gCúirt na Leanaí.

Chuir Coimisiún an Ombudsman in iúl don Gharda Síochána gur chúis imní dó nach dtaifeadtar teagmhais den chineál seo i gcóras PULSE an Gharda. Tugadh le fios go bhféadfaí ball den Gharda Síochána a fhágáil sa riocht nach mbeadh a fhios acu go raibh iarracht féinghortaithe déanta ag duine a coinníodh i Stáisiún Gardaí ar ócáid le linn dóibh a bheith faoi choinneáil ag na Gardí roimhe sin. Is léir an chontúirt a bheadh ansin don té a bheadh i gceist agus don bhall den Gharda Síochán.

In ainneoin na mbearta a bhunaigh an Cigire tar éis an teagmhais seo le hatarlú a chosc sa Cheantar sin, mhol GSOC don Gharda Síochána:

- Teagmhais den chineál seo a thaifeadadh sa chóras PULSE nó i bhformáid eile a bhadh ar fáil go réidh ag aon bhall den Gharda Síochána a mbeadh orthu déileáil lena ngabháil ar dháta níos déanaí
- Treoir a thabhairt do gach ball de na gardaí tuairisc i scríbhinn a thabhairt dá maoirseoir faoi aon iarracht fhéinghortaithe a dhéanann duine atá faoi choinneáil ag an Gharda Síochána.
- A chinntiú go ndéantar faireachas trealamh taifeadta físe agus fuaime i ngach áis coinneála, ina ndéantar daoine faoi aois a choinneáil, mar ghnáthnós.

As an 12 cás a osclaíodh faoi alt 102(5) - is é sin, ar iarratas ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais - lean 11 an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM).

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin..

Bunaíodh painéal a chuimsigh beirt Abhcóide Sinsearacha agus cúigear Abhcóide Sóisearacha. In athbhreithniú gach líomhna rinne abhcóide ón phainéal scrúdú ar litreacha nó páipéir eie a bhain le gach cás.

Tar éis an athbhreithnithe seo, d'iarr an tAire ar GSOC, faoi alt 102(5), imscrúdú a dhéanamh ar 21 de na cásanna chun leas an phobail. Osclaíodh 10 de na himscrúduithe in 2015 agus 11 in 2016.

Chomh maith leis an 11 imscrúdú a lean an IRM, cuireadh tús le himscrúdú amháin eile ar iarratas an Aire in 2016. Tharla sé seo tar éis líomhain go ndearna garda saobhadh ar chúrsa na córa, le linn imscrúdú an Gharda Síochána ar ionsaí líomhnaithe gnéis. Bhí an t-imscrúdú seo ag druidim chun deiridh ag deireadh 2016.

I mí Mheithimh 2016, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, faoi alt 102(5) d'Acht an Gharda Síochána 2005, ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar ábhair éagsúla a d'eascair as Coimisiún O'Higgins.

Ní raibh GSOC ina pháirtí sa Choimisiún Imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin b'éigean dúinn an doiciméadúchán a bhain leis an teagmhas tuairiscthe a bhí le himscrúdú againn a iarraidh sula bhféadfaimis imscrúdú ceart a dhéanamh air. B'éigean dúinn comhairle dlí a lorg agus ina dhiaidh sin ordú cúirte a fháil, leis an doiciméadúchán seo a fháil. Bhí an próiseas ag dul ar aghaidh ag deireadh 2016.

**Tábla 4:** Stádas Imscrúdaithe chun Leas an Phobail ar bhun IRM, ag deireadh 2016 (Tá 11 cás a osclaíodh in 2016 agus an 10 gcás a osclaíodh in 2015 san áireamh.)

| Cineál Imscrúdaithe | Líon | Stádas agus Toradh |
|---|---|---|
| Imscrúduithe ar ábhair choiriúla | 6 | Fós ar oscailt. |
| | 4 | Tugadh faoi imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor leor an fhianaise faoi mhí-iompar coiriúil ag garda le tabhairt faoi aon ghníomh eile. |
| | 1 | Cuireadh tús le himscrúdú agus éiríodh as mar gheall ar easpa comhoibrithe ón ngearánach agus mar nach raibh aon ábhar imní eile ann. |
| Imscrúdú ar ábhair neamhchoiriúla | 9 | Fós ar oscailt. |
| | 1 | Imscrúdú tosaithe agus curtha i gcrích, gan aon fhianaise ar bhriseadh araíonachta ag garda aimsithe. Níor tugadh faoi aon ghníomh eile. |
| **IOMLÁN** | **21** | |

**Staidéar ar Chás**

I gceann de na cásanna a d'iarr an tAire orainn a imscrúdú, rinne fear líomhain gur cuireadh ina leith go contráilte go raibh baint aige le goid fheithiclí. Líomhnaigh sé chomh maith gur tugadh drochíde dó le linn dó a bheith i stáisiún na nGardaí, rud a tharla dar leis sa seomra agallaimh, agus gur úsáideadh fórsa ar a ordóg agus a mhéarlorg á ghlacadh.

Rinne GSOC imscrúdú ar an ábhar chun leas an phobail. Rinneamar athbhreithniú ar chomh imscrúdaithe an Gharda. Léirigh sé seo go raibh ráiteas tugtha ag úinéir na bhfeithiclí do ghardaí ina ndúirt sé go raibh amhras air go raibh an gearánach páirteach i dtógáil a chuid feithiclí as a réadmhaoin, mar a raibh siad á gcoinneáil, gan cead an úinéara. Neartaíodh an t-amhras nuair a thángthas ar fhógra faoi fheithiclí ar díol, le huimhreacha teagmhála a bhain leis an ghearánach air. Rinne na gardaí fiosrúcháin le síntiúsóirí na gcuntas teileafóin a bhí i gceist a fháil amach, agus dheimhnigh siad go raibh siad cláraithe leis an ghearánach. Mar gur tógadh na feithiclí as réadmhaoin a bhí faoi ghlas, gan aon dochar déanta don ghlas, mhéadaigh an t-amhras go mb'fhéidir go raibh eolas éigin ag an ghearánach faoi thógáil na bhfeithiclí, nó raibh sé páirteach ann. Bunaithe ar a bhfuil luaite thuas, bhí GSOC sásta go raibh cúis réasúnta ag na gardaí leis an ghearánach a ghabháil agus a cheistiú. Maidir leis an líomhain a rinneadh faoi iompar áirithe sa seomra agallaimh le linn don ghearánach a bheith faoi agallamh, d'fhéach imscrúdaitheoirí GSOC ar fhístéip den agallamh iomlán agus ní raibh aon fhianaise ann le tacú leis an líomhain seo. Mheasamar freisin an líomhain gur úsáideadh fórsa ar ordóg an ghearánaigh nuair a tógadh méarloirg. Ní raibh aon fhianaise de ghortú ann. Is gnáthchleachtas é greim daingean a fháil ar.

Maidir leis an líomhain a rinneadh faoi iompar sonraithe sa seomra agallaimh le linn don ghearánach a bheith faoi agallamh, rinne imscrúdaitheoirí GSOC athbhreithniú ar fhístéip VHS den agallamh in iomlán agus ní raibh aon fhianaise ann a thacódh leis an líomhain seo.

Scrúdaíomar freisin an líomhain gur úsáideadh fórsa ar ordóg an ghearánaigh agus a mhéarlorg á thógáil. Ní raibh aon fhianaise de ghortú ann. Is é an gnáthchleachtas é greim daingean a bhreith »

» mhéara duine le linn méarphriontála, le cinntiú go bhfaightear méarlorg soiléir. Léirigh an fhianaise gur thoiligh an gearánach a mhéarlorg a thabhairt go deonach agus go dtógfaí grianghraf de.

Léirigh imscrúdú GSOC nach raibh dóthain fianaise ann le líomhaintí an ghearánaigh a chruthú. Dhún GSOC an cás, thug tuairisc do na páirtithe go léir a bhí i gceist faoi thorthaí an imscrúdaithe agus níor glacadh aon ghníomh eile maidir leis an ghearán.

## 3.2 CÁSANNA A BHÍ AR SIÚL SA BHLIAIN 2016

De bhreis ar na cásanna IRM atá liostaithe thuas, bhí seacht n-imscrúdú chun leas an phobail ar bun againn ag tús na bliana 2016. Tá siad go léir fós ar oscailt:

- Imscrúdú ar a leordhóthanaí a bhí imscrúdú de chuid an Gharda Síochána agus ullmhú thuarascáil an Gharda Síochána chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) tar éis teagmhas tráchta ar bhóithre lenar bhain bás sa bhliain 2005. Fuair bean bás tar éis di a bheith buailte ag carr patróil de chuid an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath. Ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar an imscrúdú sin mar gheall ar imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhí ar siúl le roinnt mhaith blianta. I mí Iúil 2015, chuir an Chúirt Uachtarach breith roimhe ón Ard-Chúirt ar ceal ar phonc dlí. Leis an mbreith ón gCúirt Uachtarach bhí GSOC in ann dul ar aghaidh lena imscrúdú ar an ábhar seo, rud a rinneadh i rith 2015 agus 2016. Cuireadh céim imscrúdaithe an cháis i gcrích in 2016, ach bhí gníomhartha eile gan chríochnú ag deireadh na bliana.
- Dhá imscrúdú tar éis do GSOC faisnéis a fháil go díreach tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dtaca le gníomhaíochtaí éillitheacha líomhnaithe ag baill den Gharda Síochána. Cuireadh céim imscrúdaithe an cháis i gcrích in 2016, ach bhí gníomhartha eile gan chríochnú ag deireadh na bliana.
- Dhá imscrúdú ar líomhaintí a rinneadh faoi chealú éagórach Fógraí Pionóis Mhuirir Sheasta ag baill den Gharda Síochána le linn dhá thréimhse ar leith. Chuir GSOC an chéad chéim den imscrúdú tosaigh i gcrích in 2014 agus 2015. Rinneadh obair anailíseach shuntasach ar bunachar iomlán den 1.6 milliún fógra a eisíodh; agus rinneadh athbhreithniú ar ábhair ó imscrúduithe gaolmhara roimhe sin. Chuir sé seo plean oibre ar fáil don chéad chéim eile den imscrúdú. I mí Iúil 2015, d'fhoilsigh Oifig Soláthair an Rialtais (OGP) tairiscint le haghaidh tacaíocht imscrúdaithe, a bhí ag teastáil don chéim seo. Níor shásaigh aon fhreagra na critéir cháiliúcháin. In 2016, tugadh faoin dara tairiscint, ar fud an AE.

- D'iarr an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais imscrúdú maidir le líomhaintí a rinne duine aonair faoi fhaillí i ndualgas. Bhí gearán díreach déanta cheana féin ag an duine le GSOC, agus bhí an líomhain faoi imscrúdú cheana féin dá bhrí sin, ach le hathrangú an cháis mar imscrúdú chun leas an phobail b'fhéidir raon an imscrúdaithe a leathnú amach ón líomhain shonrach a rinneadh, dá mba ghá. Bhí an t-imscrúdú seo ag druidim chun deiridh ag deireadh 2016.
- Osclaíodh imscrúdú maidir le imeachtaí a chonachtas ar fhíseán ar na meáin shóisialta, inar cosúil gur léiríodh fórsa iomarcach á úsáid ag agóid ag ceant réadmhaoine i nGuaire, Co. Loch Garman. Cuireadh céim imscrúdaithe an cháis i gcrích in 2016, ach bhí gníomhartha eile gan chríochnú ag deireadh na bliana.

## 3.3 NOCHTADH COSANTA

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus faoi Ionstram Reachtúil 339/2014 a lean é, rinneadh daoine forordaithe de thriúr chomhalta Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a bhféadfadh aon oibrí de chuid an Gharda Síochána líomhaintí éagóra a nochtadh go rúnda.

Bhí ceithre chás ar bun ag tús 2016, a d'eascair as nochtuithe a bhí faighte in 2014 agus 2015. I rith na bliana 2016, fuarthas seacht nochtadh eile. Tá na cásanna go léir fós ar oscailt.

Lean GSOC ar aghaidh ag déileáil leis na cúramaí nua seo in 2016, chomh maith leis an ualach oibre imscrúdaithe a bhí air cheana féin, ach in 2017 táimid ag súil le tuilleadh acmhainní a bheith leithdháilte ionas gur féidir linn baill foirne a dhílsiú do chásanna a osclaíodh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

I rith na bliana, lean GSOC ar aghaidh ag obair ar phróisis agus nósanna imeachta a fhorbairt le déileáil go héifeachtúil leis an chineál áirithe seo cáis, lena n-áirítear comhairle dlí a lorg faoi na freagrachtaí faoin Acht um Nochtadh Cosanta agus na nósanna imeachtaí atá leagtha amach in Acht an Gharda Síochána a réiteach. Beidh an obair seo ag leanúint ar aghaidh in 2017.

# RANNÁN 4: SCRÚDUITHE AR CHLEACHTAS, AR BHEARTAS AGUS AR NÓS IMEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Le halt 10 d'Acht an Gharda Síochána (Leasú) 2015, rinneadh leasú ar alt 106 d'Acht an Gharda Síochána 2005, tríd an fhoráil seo a leanas a ionsá ann:

*"chun gearáin a chosc faoi chleachtas, faoi bheartas agus faoi nós imeachta an Gharda Síochána, nó chun líon na ngearán den sórt sin a laghdú —*
- *(a) féadfaidh Coimisiún an Ombudsman, más é a thuairim go bhfuil sé cuí, nó*
- *(b) má iarrann an tAire air é laistigh den tréimhse a shonródh sé nó sí san iarratas, scrúdóidh an Coimisiún cleachtas,*

*beartas nó nósanna imeachta."*

Tugadh an chumhacht leis seo do GSOC scrúdaithe a thiomsú ar chleachtas, beartas agus nósanna imeachta an Gharda as a stuaim féin, nuair a bhí cead an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag teastáil roimhe seo.

Cuireadh an chumhacht nua seo i bhfeidhm le scrúduithe a thiomsú maidir le dhá shaincheist atá le feiceáil in imscrúduithe GSOC le blianta anuas. Dírítear sa chéad cheann ar shaincheist ar cuireadh béim uirthi i mórán imscrúduithe tar éis atreorúcháin faoi alt 102(1). Tá scrúdú á dhéanamh sa dara ceann ar shaincheist a spreag os cionn 40 gearán ó dhaoine éagsúla le GSOC le blianta anuas.

Tá na scrúduithe ar bun ag na himscrúdaitheoirí le hais an ualach imscrúdaithe atá orthu cheana féin. Dá thoradh sin, ní fhéadfaí iad a chur i gcrích chomh tapa agus ba mhaith linn agus bhí an dá scrúdú ar bun fós ag deireadh 2016. Tá achoimre thíos ar na cuspóirí agus an obair atá déanta agus gan chríochnú maidir leis an dá scrúdú. Tá sé beartaithe ag GSOC an dá scrúdú a chríochnú agus a chuid moltaí a thuairisciú don Aire i rith 2017.

### Scrúdú ar chleachtas, beartas agus nósanna imeachta a rialaíonn feidhmiú an Achta um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.

I rith na naoi mbliana atá Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ag oibriú, tá feidhmiú an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 ag teacht aníos mar shaincheist i mórán imscrúduithe.

Aithnítear i dtuarascálacha imscrúduithe gur cuireadh daoine faoi choinneáil i gcúinsí nach bhfuil aon chumhacht dhleathach coinneáila ann .i. tar éis gabhála faoi fhorálacha an Acht um Ord Poiblí. Féadfaidh a leithéid de chleachtadh a bheith contráilte le hAlt 40 den Bhunreacht agus Alt 5 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Cuirtear in iúl in imscrúduithe éagsúla go bhfuil deacrachtaí ag na gardaí an dualgas morálta i leith cúram do bhaill an phobail a chothromú le srianta an Acht um Ord Poiblí.

Tugadh faoin scrúdú ar mhaithe le:

- Minicíocht na ngabhálacha faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 ar fud an Stáit a dheimhniú.
- Minicíocht choinneáil príosúnach ar feadh tréimhsí fada - roimh chúisiú, tar éis chúisiú, nó sa dá chás - a dheimhniú ó na gabhálacha faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994.
- Roghanna atá ar fáil don Gharda Síochána agus iad a plé le daoine atá ar meisce a aithint.
- A dheimhniú a bhfuil beartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána maidir le leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) oiriúnach agus an bhfuiltear ag cloí leo.

Scrúdaíodh taifid choinneála a cruthaíodh in 2015 i stáisiúin Gardaí a roghnaíodh go fánach as gach rannán Gardaí. Tugann sé seo léargas leathan ar an méid atá daoine á ngabháil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994; agus an méid atá príosúnaigh á gcoinneáil i stáisiúin Gardaí, tar éis a ngabhála faoin Acht sin. Tá athbhreithniú déanta chomh maith ar imscrúduithe a rinne GSOC agus ar a dtorthaí. Mar chuid den chéad chéim eile, tá cleachtais, beartais agus nósanna imeachta na nGardaí go dtí 2015, agus le linn na bliana sin, á scrúdú, chomh maith le haon ábhar oiliúna ábhartha. Tá tuairimí agus ábhar imní na mball atá i bhfeighil[6] agus bhainistíocht an Gharda, á lorg maidir leis an saincheist, chomh maith le tuairimí pháirtithe leasmhara eile, ar nós Cróinéirí agus FSS.

6 Féach Gluais.

Scrúdófar na roghanna atá ar fáil do ghardaí, faoi dhlí na hÉireann, le déileáil le daoine atá ar meisce, chomh maith leis an cásdlí. Déantar taighde agus measúnú ar chleachtas i ngníomhaireachtaí forfheidhmiú dlí eile maidir le déileáil le daoine atá ar meisce.

Ní rún don scrúdú seo aon bhriseadh féideartha ar na Rialacha um an Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád a aithint, ach an t-ábhar a scrúdú le léargas níos straitéisí le fáil amach an raibh aon mholtaí déanta le feabhas a chur ar oibriú an chórais.

### Scrúdú ar chleachtas, beartas agus nósanna imeachta a rialaíonn an Garda Síochána maidir le aird a thabhairt ar shábháilteacht agus ar leas daoine a bhíonn i bhfeithiclí gafa.

Ciallaíonn gabháil dhleathach feithicle go bhfágtar an tiománaí agus daoine eile a bhíonn sa bhfeithicil ar thaobh an bhóthar gan córas iompair. Rinneadh os cionn 40 gearán le GSOC le líomhaintí gur fágadh daoine a bhí i bhfeithiclí gafa i suímh a d'fhéadfadh a bheith íogair ag an Gharda Síochána.

Cruthaítear deacracht do GSOC leis na gearáin seo mar nach dócha go mbeadh siad inghlactha faoi Acht an Gharda Síochána 2005. Ceann de na critéir a leagtar amach san Acht is ea go gcaithfidh an t-iompar a ndéantar gearán faoi a bheith ina chion coiriúil nó ina bhriseadh féideartha ar araíonacht. Tá sé de chumhacht ag baill an Gharda Síochána faoi reacht feithicil a ghabháil agus níl aon dualgas cúraim forordaithe orthu maidir le baill den phobal a mbeadh tionchar aige seo orthu, agus mar sin ní go n-éireodh le gearán dá leithéid seo sa phróiseas inghlacthachta.

Dá bhrí sin, bheartaigh Coimisiún an Ombudsman go mbeadh scrúdú faoi alt 106 ar chleachtais, ar bheartais agus ar nósanna imeachta an Gharda Síochána maidir le sábháilteacht agus leas daoine a bhíonn i bhfeithiclí gafa níos oiriúnaí mar bhealach le tabhairt faoin saincheist seo.

Is iad aidhmeanna an scrúdaithe:

- Athbhreithniú ar ghearáin ábhartha, agus anailís ar leith ar na cúinsí a spreag iad.
- Beartais, cleachtais agus ábhair oiliúna ábhartha agus nósanna imeachta eile an Gharda Síochána a aithint agus a athbhreithniú.
- Na roghanna a bhíonn ann do bhaill an Gharda Síochána agus iad ag déileáil le daoine a bhíonn i bhfeithiclí gafa a leagan amach.

Chomh maith le hamharc ar fhianaise dhoiciméadach, lorgófar tuairimí agus taithí Bhiúró Tráchta na nGardaí agus ghnáthbhaill na ngardaí. Scrúdófar an staid dhlíthiúil maidir le haon dualgas cúraim is gá do bhaill an Gharda Síochána a chur san áireamh i gcomhthéacs feithiclí a ghabháil; déanfar an cásdlí ábhartha a scrúdú; agus déanfar taighde ar dhearcadh lucht déanta beartais. Scrúdófar an cur chuige a bhíonn ag gníomhaireachtaí forfheidhmiú dlí ó lasmuigh agus laistigh den dlínse maidir leis an cheist.

Is í aidhm an scrúdaithe moltaí a dhéanamh a choiscfeadh nó a laghdódh an cineál seo gearáin.

San alt leasaithe den Acht sonraítear gur cheart aon tuarascáil a leanann scrúdú faoi alt 106 a chur ar fáil don Aire agus do Choimisinéir an Gharda, agus gur cheart go mbeadh aon mholtaí a dhéantar le gearáin dá leithéid a chosc nó a laghdú a chur san áireamh. Sonraítear chomh maith (mura mbeadh sé chun dochair do leasanna na slándála náisiúnta, nó go bhféadfaí cion a éascú, dochar a dhéanamh d'imscrúdú coiriúil nó sábháilteacht aon duine a chur i mbaol):

*“Cuirfidh an tAire faoi deara go gcuirfidh sé nó sí cóipeanna a fhaigheann sé nó sí i láthair Thithe an Oireachtais.”*

Mar gheall ar an dualgas éifeachtúil seo atá ann torthaí scrúduithe dá leithéid a fhoilsiú gur mó an seans gur féidir torthaí bríocha a bhaint amach.

Tá an Coimisiún ag súil leis an dá thuarascáil seo , a bhfuil an-chuid oibre déanta orthu ag foireann GSOC i rith 2016, a chur faoi bhráid an Aire agus Choimisinéir an Gharda i rith na bliana 2017.

# RANNÁN 5: FIOSRÚCHÁN BREITHIÚNACH FAOI IOMPAR OIFIGEACH AINMNITHE

Cuireadh fiosrú, an chéad cheann dá chineál, faoi alt 109 d'Acht an Gharda Síochána 2005, i gcrích i mí Mheithimh 2016. Déantar foráil san alt seo le haghaidh fiosrú breithiúnach ar iompar oifigeach ainmnithe de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

*109.— (1) Tar éis dul i gcomhairle le Coimisiún an Ombudsman, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an bPríomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt do bhreitheamh (atá ag freastal mar bhreitheamh) fiosrú a dhéanamh faoi iompar oifigigh ainmnithe a bhí ag feidhmiú faoi alt 98 nó 99 maidir le haon imscrúdú faoin Chuid seo.*

*(2) Féadfaidh an Príomh-Bhreitheamh cuireadh a thabhairt*

- *(a) do bhreitheamh as an Chúirt Uachtarach,*
- *(b) le toiliú Uachtarán na Cúirt Achomhairc, breitheamh ón Chúirt Achomhairc, nó*
- *(c) le toiliú Uachtarán na hArd-Chúirte, breitheamh den Ard-Chúirt, fiosrú a dhéanamh, agus má ghlactar leis an chuireadh, ceapfaidh an Príomh-Bhreitheamh an breitheamh sin le fiosrú a stiúradh.*

*(3) Sonrófar téarmaí tagartha an bhreithimh a cheapfar san iarratas agus féadfaidh sé a bheith bainteach le hiompar an oifigigh ainmnithe ar ócáid ar leith nó go ginearálta agus feidhmeanna faoi alt 98 nó 99 á gcur i gcrích.*

*(4) Féadfaidh an breitheamh a cheapfar an fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mheasann sé nó sí féin a bheith cuí, trí finnéithe a scrúdú nó eile, agus féadfaidh sé nó sí go háirithe aon nósanna imeachta a stiúradh maidir leis an bhfiosrú seachas imeachtaí poiblí.*

*(5) Ar son chuspóirí an fhiosraithe, beith na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí atá dílsithe i mbreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht, ag an mbreitheamh ainmnithe, lena n-áirítear an chumhacht -*

- *(a) le freastal finnéithe a fhorfheidhmiú, agus*
- *(b) a éileamh go dtaispeánfaí taifid.*

*(6) Nuair a bhíonn an fiosrú críochnaithe, déanfaidh an breitheamh ceaptha na torthaí a thuairisciú don Aire a chuirfidh cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisiún an Ombudsman le haghaidh aon ghníomh a mheasann sé a bheith cuí sna cúinsí.*

Ba é an Breitheamh Frank Clarke as an Chúirt Uachtarach a rinne an fiosrú. Bhain na téarmaí seo a leanas leis:

*“Fiosrú i dtaobh iompar oifigeach ainmnithe de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus iad i mbun feidhmeanna faoi alt 98 nó 99 d'Acht 2005 maidir le himscrúdú Choimisiún an Ombudsman ar an ábhar a luaigh Coimisinéir an Gharda ar 1 Eanáir 2015 faoi alt 102(1) d'Acht 2005, is é sin an teagmháil a bhí ag baill den Gharda Síochána le Sheena Stewart go moch maidin an 1 Eanáir i mBéal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall, go gearr sular éag Ms Stewart i dtimpiste tráchta bóthair.”*

Chomhoibrigh GSOC go hiomlán leis an bhfiosrú, a mhair 11 mí. Thug 14 ball d'fhoireann GSOC fianaise don bhfiosrú. Chuir an Breitheamh Clarke a thuarascáil dheireanach chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an 3 Bealtaine 2016. Ar an 17 Meitheamh 2016, chuir an tAire cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisiún an Ombudsman le haghaidh aon ghníomh a mheas sé a bheith cuí sna cúinsí. D'fhoilsigh an tAire sliocht as an tuarascáil, lena n-áirítear an cinneadh agus na moltaí a rinneadh.[7]

Rinne Coimisiún an Ombudsman cíoradh cúramach ar an tuarascáil.

Is eol don Choimisiún go raibh imeachtaí dlí, a d'eascair as teagmhas tosaigh na timpiste tráchta fós gan chríochnú i rith 2016. Ar an gcúis seo, ní thagraítear anseo ach don sliocht as tuarascáil an Bhreithimh Clarke a foilsíodh.

Tar éis an tuarascáil a fháil, rinne Coimisiún an Ombudsman moltaí na tuarascála a chíoradh agus rinneadh gníomhartha dá réir:

- Go ndéanfaí athbhreithniú ar an reachtaíocht ar mhaithe le níos mó soiléireachta. Eagraíodh díospóireachtaí tairbheacha maidir leis seo, i rith an dara leath de 2016, le Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Creideann Coimisiún an Ombudsman go mbeidh dul chun cinn le feiceáil maidir leis seo in 2017.

7 http://www.justice.ie/en/JELR/Extract-from-the-Report-of-The-Honourable-Mr-Justice-Frank-Clarke-concerning-an- Inquiry-pursuant-to-Section-109-of-the-Garda-Siochana-Act-2005.pdf/Files/Extract-from-the-Report-of-The-Honourable- Mr-Justice-Frank-Clarke-concerning-an-Inquiry-pursuant-to-Section-109-of-the-Garda-Siochana-Act-2005.pdf

- Treoir níos sonraithe a thabhairt ó GSOC dá oifigigh ainmnithe maidir leis na cúinsí cruinne inar cheart nuashonraí faoi dhul chun cinn a thabhairt le linn imscrúdaithe. I rith 2016, bhíomar ag obair ar lámhleabhar nósanna imeachta caighdeánacha dár n-oifigigh ainmnithe, a chuirfear i bhfeidhm in 2017 agus a fheabhsóidh an treoir do na hoifigigh seo i réim leathan d'ábhair oibriúcháin.
- Faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil do bhaill an Gharda, i bhfoirm shoiléir, ar dócha go léifí í agus go dtuigfí í, faoin gcaoi a ndéanann GSOC a chuid imscrúduithe. Tuairiscítear gníomhartha a rinneadh in 2016 le infhaighteacht na faisnéise seo a fheabhsú i Rannán 6.3 den tuarascáil seo. Faoi dheireadh 2016 go háirithe, bhí bileog cruthaithe againn go sonrach do bhaill an Gharda a bhí rannpháirteach i dteagmhas a atreoraíodh chuig GSOc agus dáilte orthu le hiad a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéantar na himscrúduithe seo.
- Breithniú ar an chleachtas reatha, mar arb é an Garda Síochána amháin a thugann fógra do ghardaí faoi imscrúdú coiriúil ag GSOC, go cleachtas ina raibh an fógra tugtha freisin ag GSOC. Rinne Coimisiún an Ombudsman teagmháil leis an Gharda Síochána in 2016, ag lorg sonraí teagmhála do ghardaí ionas gur féidir na fógraí seo a eisiúint (agus pointe díreach teagmhála a sholáthar do ghardaí atá faoi imscrúdú, le cur le seachadadh na moltaí thuas). Cuirfimid an moladh seo i bhfeidhm chomh luath is a fhaighimid na sonraí teagmhála.

De bhreis ar na moltaí thuas rinne an fiosrú *“moladh sealadach”* go ndéanfadh Coimisiún an Ombudsman athbhreithniú ar an mbeartas atá aige ó bunaíodh é, comhad a chur chuig an DPP ag deireadh gach imscrúdaithe maidir le bás.

Bhreithnigh an Coimisiún an t-ábhar seo. Creideann an Coimisiún go bhfuil sé cuí go dtiocfadh gach comhad as imscrúdú faoi bhás os comhair Choimisiún an Ombudsman le breithniú cúramach a dhéanamh air, agus gur cheart do na himscrúdaitheoirí feidhmiú ar an mbonn go mb'fhéidir gur gá comhad a ullmhú don DPP in aon chás dá leithéid.

Creideann an Coimisiún freisin, nuair a tharchuirtear na cásanna seo chuig an DPP, fiú mura measann siad féin go bhfuil dóthain fianaise ann le hionchúiseamh a éileamh, go gcabhraíonn sé leis na cúig phrionsabal atá forbartha ag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ar cheart cloí leo i gcás bhásanna a leanann teagmháil le póilíní, a sheachadadh. (Féach Rannán 2.1.)

Ina ainneoin sin, déanann an Coimisiún cinneadh i ngach cás ar leith, agus más cosúil nach gá cás ar leith a tharchur chuig an DPP, fágtar faoin gCoimisiún é an cinneadh sin a dhéanamh.

Tuigtear dúinn gur féidir go mbeadh tionchar ag cearta atá molta sa Bhille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2016 ar an ábhar seo. Dá bhrí sin beidh an beartas seo á bhreithniú go leanúnach ag Coimisiún an Ombudsman.

# RANNÁN 6: ÉIFEACHTÚLACHT AGUS ÉIFEACHTACHT A FHEABHSÚ

Leagtar an méid seo a leanas amach in alt 67 d'Acht an Gharda Síochána 2005: *"is iad cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman—*

*(a) a chinntiú go gcomhlíontar a chuid feidhmeanna ar bhealach éifeachtúil éifeachtach ina gcaitear go cothrom le gach duine atá bainteach le gearáin agus le himscrúduithe faoi Chuid 4 maidir le hiompar bhaill an Gharda Síochána,*

*(b) úsáid eadrána agus bealaí neamhfhoirmiúla eile le gearáin a réiteach atá oiriúnach le réiteach ar na bealaí sin, a chur chun cinn agus a spreagadh, agus*

*(c) muinín an phobail sa phróiseas réiteach gearáin atá luaite i bparagraf (a) a chur chun cinn."*

Mar sin, tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh ag an eagraíocht le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú, le cinntiú go bhfuilimid ag déileáil go cothrom le gach duine, agus go mbeidh muinín ag an phobal as ár gcuid próiseas.

## 6.1 AN T-AM A GLACADH LE CÁSANNA A DHÚNADH

### 6.1.1 An t-am a glacadh le cásanna a dhúnadh de réir cineáil in 2016

Laghdaíomar an líon laethanta a glacadh chun gach cineál imscrúdaithe a chríochnú in 2016.


### Imscrúduithe coiriúla

Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a dhéanann imscrúdú ar gach líomhain inghlactha maidir le cionta coiriúla ag gardaí, mar shampla, ionsaí. (Rialaítear iad sin le halt 98 den Acht.)

Ag deireadh na bliana 2016, ba é 99 lá an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh. B'ionann an figiúr sin agus feabhas suntasach ar an meánfhigiúr 101 lá sa bhliain 2015.

Bíonn imscrúduithe coiriúla faoi réir ag próiseas athbhreithnithe, ina n-áirítear bearta caighdeánacha rialaithe. Mar chuid den phróiseas seo, déantar athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá oscailte le 60 lá.

**Cairt 8:** An t-am airmheánach a tógadh chun cases a dhúnadh de réir cineáil ag deireadh na bliana 2016[8]




8 Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. Níl ríomh na n-amanna airmheánacha a ghlactar le gach cineál imscrúdaithe a chríochnú a léirítear i gcairt 8 bunaithe ach ar chásanna a tiomsaíodh de bharr gearán. Mar sin féin, ba chásanna gearáin iad 1,704 de na himscrúduithe go léir, as 1,769 in iomlán, a dúnadh in 2016, agus mar sin tá formhór na gcásanna áirithe sa ríomh.

Ag Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe agus iad sin atá oscailte le 90 lá a Dírítear aird an Stiúrthóir Imscrúduithe ar chásanna atá oscailte le 120 lá le cinntí cuí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, déanann an Stiúrthóir Imscrúduithe agus Coimisiún an Ombudsman athbhreithniú démhíosúil ar chásanna atá rangaithe mar chásanna ina bhfuil líomhaintí an-tromchúiseacha. Lean an próiseas ar aghaidh in 2016.

### Imscrúdú araíonachta

Tá ceithre bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil: Is é an bealach is coitianta ná imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) de réir na Rialachán Araíonachta. Láimhseáladh os cionn ocht líomhain araíonach as deich gcinn mar seo sa bhliain 2016.

*Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána* (faoi alt 94 den Acht) – I gcásanna áirithe, is féidir le hoifigeach ainmnithe de chuid GSOC maoirseacht a dhéanamh ar an imscrúdú, ag brath ar a thromchúisí atá an líomhain agus/nó ar chineál na líomhna, nó is féidir imscrúdú a dhéanamh orthu gan mhaoirseacht.

- Is gan mhaoirseacht atá formhór na n-imscrúduithe agus, de réir na bprótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór iad a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 16 seachtaine/ 112 lá. D'fhéadfadh líomhain a bheith i ngnáthchás a ndéileáiltear leis ar an gcaoi seo go ndearnadh cuardach gan bharántas ar theach, nó gur tugadh drochíde do dhuine le linn dóibh a bheith á ngabháil nó faoi choimeád ag na Gardaí.

  Maidir leis na himscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht sin ar thug an Garda Síochána fúthu, ba é 266 lá an fad airmheánach ama a tógadh chun iad a chríochnú ag deireadh na bliana 2016, feabhas beagnách coicíse ar 2015 (279 lá). Bhí an feabhsúchán seo bunaithe ar laghdú i bhfad airmheánach timpeall mí a baineadh amach in 2015.

  Lean an ceannfort Gardaí a tugadh ar iasacht do GSOC ar aghaidh ag tabhairt cuairte ar oifigigh de chuid na nGardaí a bhí freagrach as tabhairt faoi na cásanna seo in 2016. Ba í aidhm na gcuairteanna comhairle ghinearálta a thabhairt faoin bpróiseas faoi alt 94(1), mar atá leagtha amach ag GSOC, d'fhonn obair i dtreo imscrúduithe tráthúla comhréireacha.

  Labhair GSOC le gach Ceannfort agus Cigire a fuair ardú céime nua (is minic a iarrtar orthu seo cabhrú le Ceannfoirt na himscrúduithe seo a dhéanamh) le linn a gcúrsaí ardú céime ag Coláiste an Gharda in 2016. Chuireamar béim ar an tionchar a bhíonn ar moilleanna fada le himscrúduithe a chríochnú ar ghearánaithe agus ar ghardaí a ndéantar gearáin fúthu; agus d'insíomar dóibh faoin fhaisnéis agus an chomhairle atá ar fáil ó GSOC leis na himscrúduithe seo a chríochnú a luaithe is féidir.

- Más *imscrúdú* faoi mhaoirseacht é tiocfaidh imscrúdaitheoir ainmnithe de chuid GSOC le chéile leis an GSIO chun an plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir ainmnithe gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a chur ar fáil dó. De réir na bprótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chríochnú agus ní mór tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain/ 140 lá. Ba é 250 lá an fad airmheánach ama don bhliain 2016, feabhsú maith ó 2015 (293 lá).

*Réiteach neamhfhoirmiúil* (faoi alt 90 den Acht) – Uaireanta, is ciallmhar d'Ombudsman an Gharda Síochána obair leis an dá pháirtí chun cás a réiteach go neamhfhoirmiúil, e.g. i gcásanna ina ndearna duine gearán go raibh garda míchúirtéiseach, nár ghlaoigh sé ar ais air, nár fhreagair sé litreacha, etc. Mar a léirítear i gcairt 8, tá sé seo i bhfad níos tapúla ná imscrúdú foirmiúil agus díríonn sé ar an fhadhb a réiteach seachas pionós a ghearradh.

I gcás réiteach neamhfhoirmiúil, ba é 103 lá an t-am airmheánach a tógadh chun cás a dhúnadh ag deireadh na bliana 2016, a bhí cosúil le figiúr 104 lá in 2015.

*Imscrúdú neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC* (faoi alt 95 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh ábhair araíonachta a bheith i gceist leo. 260 lá an fad airmheánach don bhliain. Feabhas mór ba ea é seo ar airmheán 428 lá i 2015. Ach ar liosta gearr uimhreacha (ní raibh ach 20 cás den chineál seo dúnta in 2016 agus 16 in 2015) ní maith an táscaire feidhmíochta é an airmheán, agus tá leisce orainn conclúidí láidre a bhaint as seo.

In 2016, bheartaigh Coimisiún an Ombudsman an próiseas lena ndéantar na himscrúduithe seo a athbhreithniú, d'fhonn modhanna níos éifeachtúla a bhunú agus fad tipiciúil an chineál seo imscrúdaithe a laghdú.

Bhreithnigh an t-oifigeach ar iarraidh air an t-athbhreithniú seo a chríochnú gach gné den phróiseas a lean oifigigh GSOC go dtí seo, maidir leis na himscrúduithe seo. Iarradh comhairle dlí chomh maith mar chuid den athbhreithniú seo. Rinneadh moltaí do Choimisiún an Ombudsman maidir leis an phróiseas a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Moladh treoirlínte mionsonraithe le haghaidh próiseas simplithe sruthlínithe. Cuirfear an próiseas nua seo i bhfeidhm in 2017.

Creideann Coimisiún an Ombudsman go gcabhróidh an próiseas níos éifeachtúla seo le GSOC níos mó gearán neamhchoiriúla a dhéanamh é féin, má bhíonn na hacmhainní aige le seo a dhéanamh amach anseo.

### 6.1.2 INGHLACTHACHT

Nuair a fhaightear gearán, ní mór gach líomhain atá ann a aithint agus a mheas de réir na gcritéir atá leagtha amach in alt 87 den Acht le deimhniú an féidir glacadh leis agus déileáil leis nó nach féidir.

Mura mbíonn dóthain faisnéise tugtha ag an ghearánach le cinneadh a dhéanamh an bhfuil an cás inghlactha nó nach bhfuil, agus má bhíonn orainn dul ar ais chucu le breis sonraí nó soiléiriú a lorg, cuirtear fad leis an imscrúdú. Mar sin féin, táimid ag obair i gcónaí leis an méid ama a chaitear le cás a laghdú ag an chéim inghlacthachta seo, mar go mbíonn tionchar aige ar ndóigh ar an méid ama a bhíonn ag teastáil chun cás a dhúnadh.

In 2016, bhí líon na gcásanna a bhí ag feitheamh le cinntí inghlacthachta ag aon am ar leith i bhfad níos ísle ná in 2015 nó in 2014. Ag deireadh Eanáir, bhí 180 cás ag feitheamh le cinntí, ach i nDeireadh Fómhair agus Samhain 2016, bhí líon na gcásanna ag an chéim inghlacthachta chomh híseal le 107. Is léiriú é seo ar ndóigh ar laghdú i líon na ngearán a fuarthas in 2016 - fuarthas timpeall 230 níos lú ná in 2015.

### 6.1.3 Soláthar faisnéise ag an nGarda Síochána

Go dtí le déanaí, ba iad na Prótacail idir an dá eagraíocht, inar luadh gur cheart aon fhaisnéis a iarrtar a sholáthar laistigh de 30 lá, a rialaigh soláthar faisnéise ón Gharda Síochána le haghaidh imscrúduithe. Treisíodh an próiseas seo in Acht an Gharda Síochána (Leasú) 2015 le foráil a ionsádh le tráthúlacht i soláthar faisnéise a fheabhsú:

> *9. Leasaítear an Príomh-Acht leis an alt seo a leanas a ionsá tar éis alt 103:*
>
> *“103A. "Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda go gcuirfear faisnéis atá le soláthar ag an Gharda Síochána chuig Coimisiún an Ombudsman le haghaidh cuspóirí imscrúdaithe ag an gCoimisiún ar ghearán, nó ar imscrúdú ag an gCoimisiún ar aon ábhar faoi alt 102 nó 102B, chomh luath agus a bhíonn sé in indéanta."*

Iarrann GSOC faisnéis agus fianaise atá ag teastáil le linn imscrúdaithe ón nGarda Síochána ar dhá bhealach:

- Seoltar iarratais ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid rialta chuig ríomhsheoladh dílsithe lárnach atá curtha ar bun ag an nGarda Síochána don chuspóir seo. Bhí an meán-am a glacadh le freagra a fháil tar éis iarratais ar fhaisnéis a dhéanamh tríd an gcóras lárnaithe seo cothrom le 23 lá in 2016.
- Mar gheall ar na hamanna fada freagartha seo, níl sé praiticiúil iarratais ar fhianaise nó ar fhaisnéis atá práinneach ó thaobh ama a phróiseáil tríd an gcóras thuas. Sna cúinsí seo, déanann imscrúdaitheoir GSOC a iarratas sainiúil práinneach go díreach chuig an gceannfort ábhartha, ag iarraidh go gcuirtear an fhaisnéis ar ais go díreach chucu féin, nó téann siad féin go pearsanta agus glacann siad seilbh ar an ábhar fianaise atá ag teastáil. (Bheadh píosa físeáin CCTV, nó cuntais thosaigh, i gcás imscrúdú tromchúiseach coiriúil nó araíonach ina samplaí d'iarratais phráinneacha.)

Tá iarrtha ag GSOC go ndéanfaí athrú reachtúil eile ionas go mbeidh sé éigeantas don Gharda Síochána faisnéis agus fianaise a iarrann GSOC a sholáthar i gcomhthéacs aon imscrúdú agus go soiléireofaí aon neamhchinnteacht a bheadh ar an nGarda Síochána.

Cuireann tréimhsí fada feithimh agus deacrachtaí maidir le faisnéis agus fianaise a fháil go mór le fad imscrúduithe. Mar gur príomhtháscaire éifeachtachta agus éifeachtúlachta den chóras maoirseachta í an tráthúlacht, táimid de shíor ag iarraidh teacht ar bhealaí le níos mó feabhsúcháin a dhéanamh sa réimse seo.

## 6.2 ULLMHACHT DON REACHTAÍOCHT NUA

### 6.2.1 Cosaint Leanaí

Bhí GSOC rannpháirteach sa Choiste Céadfheidhmithe Leanaí (Earnáil Cheartais) i rith na bliana 2016. Cuireadh tús le hailt den Acht um Thús Áite do Leanaí in 2015 agus cuireadh tús le hailt eile le linn 2016.

Tá forálacha an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 á gcomhlíonadh go hiomlán cheana féin ag GSOC. Tá beartas chosaint leanaí againn, a forbraíodh de réir treoirlínte "Tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta le haghaidh Chosaint agus Leas Leanaí". Tá oiliúint i gCosaint Leanaí faighte freisin ag gach ball foirne a bhíonn i dteagmháil le leanaí le linn a gcuid fostaíochta. Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne in ábhair imní um chosaint leanaí, amhail faillí nó mí-úsáid líomhnaithe, a shainaithint go cuí agus tá beirt teagmhálaithe ainmnithe ag GSOC a mheasúnaíonn gach cás ina sainaithnítear ábhair imní ar bith den sórt sin Chomh maith leis sin, coimeádann siad teagmháil rialta le TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus leis an nGarda Síochána ionas gur féidir gníomh cuí a dhéanamh i dtaca le haon ábhair imní um leas leanaí.

Sa bhliain 2016, shainaithin GSOC 246 chás a raibh riosca féideartha do chosaint agus leas linbh iontu. Tugadh 40 gcás ar aghaidh ón mbliain 2015 freisin. Dá bhrí sin, dhéileáil GSOC le 286 gcás den sórt sin sa bhliain 2016. Díobh sin:

- Bhí 71 chás ina chúis le trachur chuig TUSLA. Déantar atreorúchán nuair a bhíonn bunús réasúnach ann le himní go mbeadh leanbh ina íospartach faillí, nómí-úsáid mothúcháin, fisiceach nó gnéasach, ó aon duine.
- Breithníodh 187 chás ina ndearnadh cinneadh gan iad a tharchur chuig TUSLA. Is minic a dhéantar cinneadh gan atreorúchán a dhéanamh mar go bhfuil a fhios againn go bhfuil TUSLA eolach cheana féin faoin teagmhas; mar nach bhfuil aon bhaol ann don leanbh níos mó; nó nuair nach mbíonn go leor faisnéise againn le hatreorúchán a dhéanamh.
- Bhí 28 chás á mbreithniú fós ag deireadh na bliana mar nár chuimsigh siad go leor faisnéise chun a éileamh go ndéanfaí atreorúchán faisnéiseach. (Déanfar cinneadh ar gach ceann de na cásanna sin sa bhliain 2017.)

**Staidéar ar Chás**

Rinne bean gearán le GSOC mar go raibh sí míshásta le freagra an Gharda d'aighneas lena comharsana. Rinne sí cur síos ina gearán ar bhagairtí a rinneadh ar a leanaí óga ag na comharsna agus go raibh siad suaite go fóill dá bharr. Mar gur léir gur cás leas leanaí é seo, tar éis labhairt leis an ghearánach, rinneadh GSOC atreorúchán foirmeáilte chuig TUSLA. Dá thoradh sin, chinn TUSLA a seirbhís 'Meitheal' a thairiscint don teaghlach. Is seirbhís chomhordaithe é seo a thaigítear nuair is féidir le scileanna eagraíochtaí éagsúla a bheith úsáideach le leas linbh agus a teaghlach a fheabhsú. »

10 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32012L0029&from=EN

» Ar ócáid eile, fuair GSOC faisnéis go ndearnadh ionsaí gnéasach ar leanbh agus osclaíodh imscrúdú coiriúil. Cuireadh TUSLA ar an eolas faoi imscrúdú GSOC agus tionóladh cruinnithe il-ghníomhaíochtaí idir TUSLA, an Garda Síochána agus foireann GSOC.

Fuair GSOC gearán inar tugadh faisnéis faoi leanaí a bheith ina n-íospartaigh mí-úsáid gnéis. Rinneamar fiosruithe le TUSLA maidir leis an cheist agus fuarthas amach go raibh lán-eolas ag TUSLA faoi na líomhaintí. Ní raibh aon eolas nua ag GSOC nach raibh cheana féin ag TUSLA. Mar sin cinneadh nach raibh aon ghá le hatreorúchán foirmeáilte.

Rinneadh gearán le GSOC go raibh buachaill óg sna déaga á chiapadh ag gardaí, tar éis go ndearnadh cuardach air roinnt uaireanta. Tar éis an cás a mheas, chinn ár DLP Cosaint Leanaí nach raibh aon fhianaise ann gur íospartach é an leanbh ó mhí-úsáid fhisiceach nó mothúcháin, agus cinneadh nár ghá atreorúchán foirmeáilte a dhéanamh go TUSLA. Iarradh ar úinéir an cháis i GSOC teacht ar ais chuig an DLP dá nochtófaí aon imní eile agus an t-imscrúdú ag dul ar aghaidh, ionas go bhféadfaí an cinneadh a athbhreithniú.

### 6.2.2 Íospartaigh Coireachta

Tháinig Treoir 2012/29/AE[10] in éifeacht i mí na Samhna 2015. Tugadh tacar sonraithe ceart d'íospartaigh na coireachta den chéad uair riamh. I rith na bliana 2016, bhí GSOC rannpháirteach i ngrúpa oibre comhordaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hionchur a dhéanamh i ndréachtú reachtaíochta le dlí a dhéanamh den Treoir. Foilsíodh An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016 díreach roimh dheireadh na bliana.

Ag glacadh leis go ndéanfaí dlí de, lean GSOC ar aghaidh ag obair le córais a shuiteáil leis an fhaisnéis agus an tacaíocht a bhí ag teastáil ón Treoir a sholáthar. Áirítear ina measc:

- Bileog a cruthaíodh go speisialta a sholáthar d'aon ghearánach a dhéanann líomhain gur íospairteach cora iad, ag tabhairt eolais chruinn dóibh faoine cearta de réir na Treorach, faoina bhféadfaidh siad a bheith ag súil leis ó GSOC maidir le conas a dhéileálfar lena ngearán, agus faoin tacaíocht atá ar fáil dóibh ó ghníomhaireachtaí eile.
- Ag leanúint ar aghaidh leis na nósanna measúnaithe a chuirfear i bhfeidhm ag ár bhfoireann Imscrúduithe le daoine a líomhnaíonn gur íospartaigh coireachta iad. Tá iarrtha againn go háirithe ar ár bhfoireann a mheas an bhfuil duine a líomhain coireachta déanta acu le GSOC i mbaol íospartha, imeaglaithe nó díoltais go leanúnach (de réir chúinsí sonracha éagsúla), agus/nó an bhfuil aon bhearta ar leith de dhíth orthu le linn an imscrúdaithe, ar nós agallaimh le saineolaithe nó cúnamh le cumarsáid.
- Cuireadh a thabhairt do chainteoirí ó ghrúpaí éagsúla abhcóideachta le labhairt lenár bhfoireann. D'fhanamar i dteagmháil leis na grúpaí abhcóideachta seo freisin le faisnéis shoiléir faoi sheirbhísí GSOC.
- A chinntiú go dtugtar "faisnéis shoiléir shothuigthe" do gach gearánach, ní d'íospartaigh coireachta amháin. Spreag an Treoir sinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár láthair gréasáin agus ar ábhar faisnéise eile.
    - Lorgaíomar tairiscintí le haghaidh láthair gréasáin nua in 2016 agus tosaíodh an obair ar í a fhorbairt. Déanfar í a sheachadadh go luath i 2017. Beidh foirm ghearáin agus faisnéis riachtanach eile atá riachtanach le próiseas na ngearána thuiscint ar fáil i ndeich teanga éagsúla. Beidh sé ag cloí go hiomlán freisin le Treoirlínte Rochtana Inneachar Gréasáin 2.0 go leibhéal AA agus beidh dearadh iomasach uirthi ionas go mbeidh sé níos éascaí do dhaoine a bhfuil gá acu le gearán a dhéanamh.
    - D'fhorbraíomar foireann nua comhábhair faisnéise chomh maith, a clóbhualadh agus a dáileadh ag deireadh na bliana 2016. Tá bileog san áireamh ina mínítear conas gearán a dhéanamh le GSOC; ceann leis na bealaí éagsúla inar féidir go ndéileálfaidh GSOC le gearán agus ceann ina dtugtar faisnéis shonrach d'íospartaigh coireachta, mar atá luaite thuas.

## 6.3 RANNPHÁIRTÍOCHT LE BAILL AN GHARDA SÍOCHÁNA

Chomh maith le hobair le *"faisnéis shoiléir shothuigthe"* a sholáthar do ghearánaithe de réir ár gcuspóir *"lánchothromas do chách atá rannpháirteach i ngearáin agus in imscrúduithe"*, mhéadaigh GSOC a rannpháirtíocht le baill an Gharda Síochána in 2016, ag tabhairt faisnéise soiléir sothuigthe dóibh faoin gcaoi a bhfeidhmíonn GSOC. Bhí sé ar cheann de na moltaí a rinne an Breitheamh Clarke ina thuarascáil a fuaireamar i mí Mheithimh 2016 (féach rannán 5).

Tá modúl GSOC san áireamh anois i gcuraclam na gcúrsaí ardú céime i gColáiste an Gharda Síochána do gach céim. In 2016, chuireamar ceardlanna saindeartha leathlae ar fáil do beagnach 400 garda le hardú céime nua:

- Dhá ghrúpa ceannfort agus príomh-cheannfort
- Ocht ngrúpa de chigirí
- Deich ngrúpa de sháirsintí

Ag brath ar an chéim a bhí i gceist, tugadh faisnéis sna ceardlanna faoi na próisis éagsúla le déileáil le gearáin; ar na mionsonraí a bhaineann le himscrúduithe a dhéanamh faoi alt 94 den Acht; ar staidreamh gearáin le plé faoi chumas na mbainisteoirí líne gearáin a laghdú; ar na Prótacail agus na cleachtais maidir le láithreacha comhroinnte (i gcomhthéacs atreorúcháin faoi alt 102(1); agus ar athruithe sa reachtaíocht. Cleachtadh suímh phraiticiúla agus cuireadh am ar fáil le haghaidh seisiúin ceisteanna agus freagraí, chomh maith le comhráite duine le duine.

Bhí lúcháir ar Choimisiún an Ombudsman a thabhairt faoi deara go raibh an t-aiseolas ó na rannpháirtithe, mar a chuir Coláiste an Gharda Síochána ar aghaidh chugainn é, dearfach i rith na bliana. Tá súil againn go gcabhróidh an ghníomhaíocht seo níos mó dearfachta a chruthú i leith maoirseachta i measc bainisteoirí na nGardaí, a bhfuil deis acu tionchar a imirt ar ghnáthbhaill na nGardaí lena ngníomhartha agus lena dtreoir. Mar gheall ar an aiseolas den scoth a fuarthas ó chúrsaí ardú céime i rith 2016 tá modúl GSOC san áireamh in Oiliúint Phromhóirí ó thús 2017.

Chuir GSOC ceithre cheardlann ar fáil freisin in 2016 don Aonad Tacaíochta Armtha (ASU) nua i RCBÁC agus ceann amháin don Aonad Freagartha Éigeandála (ERU) náisiúnta, agus tá ceithre cheardlann eile beartaithe don bhliain 2017. Díríodh le linn na seisiún seo ar fhreagairt oibriúcháin GSOC do theagmhais le hairm tine. Tá sé d'aidhm acu gardaí a ullmhú don méid a tharlóidh má bhíonn siad páirteach i dteagmhas dá leithéid, le mionfhaisnéis faoi mar a chuirtear na Prótacail i bhfeidhm; agus ar cheisteanna fianaise, imscrúdaithe, dlí, leasa agus ceisteanna praiticiúla eile. Cuireadh staidéar cuimsitheach, mionsonraithe ar chás i láthair d'imscrúdú a lean nuair a scaoil gardaí le fear a bhí ag beartú gránghunna teasctha, i mbeár i gCorcaigh i mí Bhealtaine 2010.

In 2016, chruthaíomar leabhrán faisnéise do ghardaí, bunaithe ar na ceisteanna is minice a cuireadh le linn seisiúin ag Coláiste an Gharda Síochána. D'aontaigh an Garda Síochána an fhaisnéis seo a chur ar fáil do bhaill ar a dtairseach inmheánach agus táimid ag súil go gcuirfear é seo i bhfeidhm sa chéad leath de 2017. Chruthaíomar bileog freisin i dtaobh imscrúduithe a lean atreorúchán faoi alt 102 den Acht, mar eolas do aon ghardaí a bhíonn rannpháirteach in imscrúduithe dá leithéid faoina chóir dóibh a bheith ag súil leis, chomh maith lena gcearta agus a ndualgais. Cuireadh bailchríoch ar an mbileog agus clóbhualadh í ag deireadh na bliana agus tosaíodh ar í a dháileadh le linn imscrúduithe dá leithéid.

## 6.4 FEABHSUITHE RIARACHÁIN

Chuir GSOC roinnt tionscadal i gcrích freisin le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú i riarachán i rith na bliana 2016. Bhí siad seo a leanas san áireamh:

- Cuireadh Córas Bainistiú Cáipéisí lárnaithe i bhfeidhm agus leathnaíodh amach é ar fud mhórchuid aonaid ghnó na heagraíochta. Chuir sé seo feabhas ar láimhseáil comhfhreagrais agus ar chumarsáid inmheánach san eagraíocht.
- Rinne sainchonraitheoir seachtrach athbhreithniú slándála ar ár gcórais TFC agus glacadh lena moltaí, le slándáil a fheabhsú. I measc feabhsuithe eile a rinneadh ar ár mbonneagar TFC bhí cumas ár líonra inmheánach a mhéadú agus láthair agus bonneagar tánaisteach TFC a shuiteáil, d'fhonn an riosca go gcaillfí saoráidí na Ceanncheathrú.

- Feabhsaíodh próisis bainistíocht riosca, rud a cheadaigh níos mó rannpháirtíochta ón bhfoireann go léir i mbainistíocht riosca.
- Cuimsíodh iarratais faisnéise a próiseáladh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus Shaoráil Faisnéise san aonad céanna, d'fhonn éifeachtacht inmheánach agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. (Tá méideanna na n-iarratas ar fhaisnéis a próiseáladh 2016 ar fáil in Aguisín 6.)
- Cuireadh grúpa tionscadail ar bun i rith na bliana lenár gcórais TFC agus sonraí a ullmhú leis an Rialachán Eorpach um Chosaint Ghinearálta Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679), nach mór do gach rialtas náisiúnta a fheidhmiú faoi mhí Bhealtaine 2018, a fheidhmiú.

# RANNÁN 7: EOLAS A THABHAIRT D'FHORBAIRT BEARTAIS AGUS DO CHLEACHTAS PÓILÍNEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Tarraingíodh aird ar shaincheisteanna córasacha nó bainistíochta in imscrúduithe áirithe. D'fhonn líon na ngearán den chineál céanna a laghdú nó deireadh a chur leo amach anseo, comhroinneadh 36 mholadh a rinneadh i dtaca le beartais agus le cleachtais mar thoradh ar thorthaí an imscrúdaithe le Coimisinéir an Gharda Síochána sa bhliain 2016. Bhain 12 díobh le hImscrúdú Coiriúil, trí chinn le Taifid Choimeádta, dhá cheann le Teagmhais Tráchta, ceithre chinn le Cuardach agus 15 le Daoine faoi Choimeád.

Creideann Coimisiún an Ombudsman gur gné thábhachtach den mhaoirsiú é béim a chur ar shaincheisteanna córasacha nó bainistíochta de réir mar a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh, le hatarlú a sheachaint. Creideann an Coimisiún go mba thairbheach an rud é bonn reachtúil a thabhairt don fheidhm seo agus bhí comhráite againn leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i rith na bliana 2016 faoi seo. Táimid ag súil go dtabharfar faoi seo le hathrú reachtúil sa bhliain 2017.

Tabhair faoi deara: Níl ach moltaí a atreoraíodh i rith 2016 liostaithe i dTábla 5. Ach tá aiseolas ann a fuarthas maidir leo seo sa chéad dhá mhí de 2017.

**Tábla 5:** Moltaí a rinneadh don Garda Síochána in 2016

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Imscrúdú coiriúil | Urghabháil airgid tirim | Rinne GSOC imscrúdú chun leas an phobail ar líomhaintí stairiúla gur goideadh suimeanna airgid a urghabhadh ó dhuine. | Rinneadh moladh don Gharda Síochána na nósanna imeachta a bhaineann le hurghabháil airgid tirim a chur ar bhonn foirmiúil agus treoir shoiléir a sholáthar faoi na gníomhartha a chaithfidh baill a leanúint nuair a thagann suimeanna airgid isteach ina seilbh, trí theacht orthu, nó iad a ghabháil le haghaidh cuspóirí imscrúdaithe. D'fhéadfaí na treoirlínte seo a leanas a bheith san áireamh, gan a bheith teoranta dóibh:<br>• Fógra a thabhairt láithreach do mhaoirseoir (a leibhéal ag brath ar mhéid an airgid).<br>• An t-airgead a chomhaireamh i láthair maoirseora agus an duine ar urghabhadh nó a fuarthas uathu é.<br>• Gach bille agus bonn airgid a ainmniú.<br>• Foirm a chomhlánú, le síniú agus dátú an bhaill a fuair/urghabh an t-airgead tirim, an mhaoirseora atá ag déanamh maoirsiú ar an urghabháil, agus an duine ón bhfuarthas/a urghabhadh é.<br>• Admháil a thabhairt don duine ar tógadh an t-airged uaidh, sínithe ag an mball a fhaigheann/a urghabhann an t-airgead agus ag an mhaoirseoir atá ag déanamh maoirsiú ar an urghabháil. | 05/12/2016 | Litir faighte ón nGarda Síochána dar dáta 8 Nollaig 2016 ina ndeirtear gur spreag na saincheisteanna agus na moltaí a rinneadh sa tuarascáil athbhreithniú a dhéanfar go práinneach ar nósanna imeachta maidir le hurghabháil airgid, faoi stiúir an Choimisinéara Cúnta, Oibríochtaí Speisialta Coiriúlachta. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Imscrúdú coiriúil | Coinneáil taifead<br><br>Maoirseacht | Le linn imscrúdaithe a rinne GSOC maidir le hiompar fhiosrú na nGardaí faoi líomhaintí stairiúla mí-úsáid gnéis, fuarthas amach nach raibh nótaí ná idirghníomh ar bith taifeadta ag an ngarda a rinne an fiosrú leis na páirithe díobhálaithe, leis na finnéithe ná leis an amhrasán, ná aon taifead déanta ar fhiosruithe diúltacha.<br><br>Ní dhearnadh aon taifead de chruinnithe maoirseachta, le tabhairt le fios go raibh maoirsiú nó bainistiú á dhéanamh ar fhiosrú na nGardaí. | Mhol GSOC:<br>• Go ndéanfadh na Gardaí taifeadh i gcáipéisí ar gach fiosrú a rinneadh agus coiriúlacht á imscrúdú, lena n-áirítear fiosruithe agus teagmhálacha diúltacha le baill an phobail maidir leis na fiosruithe seo. Chuirfeadh úsáid leabhar nótaí nó dialann imscrúdaithe ar chumas an bhaill tagairt dhíreach a dhéanamh ón gcáipéis nuair a bheadh fianaise le tabhairt.<br>• Go mbeadh sairsintí maoirseachta freagrach as leabhair nótaí a sheiceáil agus gníomh cuí a ghlacadh mura mbíonn nótaí á gcoinneáil i gceart.<br>• Baill mhaoirseacha a bheith freagrach as cruinnithe athbhreithnithe cáis a eagrú go rialta le gardaí atá i mbun fiosraithe agus taifead a chruthú den chruinniú athbhreithnithe, go háirithe i gcomhthéascs imscrúduithe ar choireann tromchúiseacha agus i gcásanna a leanann ar feadh i bhfad. | 09/02/2016 | Níl aon fhreagra faighte fós ón nGarda Síochána. |
| Imscrúdú coiriúil | Déileáil le hÓgchiontóirí | Rinne GSOC imscrúdú ar dhá ghearán ar leith a rinne tuismitheoirí bheirt leanbh éagsúla, le líomhaintí go ndearna an déagóir céanna ionsaí gnéis ar an mbeirt. Gheráin na tuismitheoirí go ndearna na gardaí faillí ina ndualgas maidir leis na cásanna. Cuireadh moill fhada ar an ionchúiseamh agus d'iarr an t-amhrasán athbhreithniú breithiúnach ar na hionchúisimhm san Ard-Chúirt mar gheall ar an mhoil, á áiteamh go raibh a cheart mar leanbh á sárú. Seasamh leis seo agus cuireadh cosc ar an ionchúiseamh dul ar aghaidh. | D'athdhearbhaigh GSOC na gníomhartha a chuir Cigireacht an Gharda chun cinn i gCuid 10/5 Bainistiú Ciontóirí dá tuarascáil ar Imscrúdú Coireanna agus moladh freisin:<br>• Go ndéanfaí measúnú leanúnach ar leibhéil foirne Oifig Atreoraithe Óige an Gharda leis an ualach oibre a chur san áireamh.<br>• Go mbeadh Oifigigh Idirchaidrimh Ógánach Rannán ag tuairisciú go díreach chuig Stiúrthóir an Chlár Atreoraithe i ngach ábhar a bhaineann leis an Chlár Atreoraithe.<br>• Go n-iarrfaí reachtaíocht faoi alt 47 d'Acht na Leanaí 2001 ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.<br>• Go gcuirfí oiliúint ábhartha ar fáil do bhaill an Gharda Síochána a bhíonn ag gníomhú mar Oifigigh Idirghabhála Óige d'fhonn a chinntiú gur féidir leo a ndualgais a choimhlíonadh ar bhealach cuí éifeachtúil.<br>• Go ndéanfaí nuashonrú ar cháipéis treorach a cuireadh ar fáil don imscrúdú seo, "Treoirlínte Ginearálta d'Oifigigh Idirghabhála Óige nuair a bhíonn siad ag déileáil le hÓgchiontóirí Gnéis", agus go ndéanfaí beartas oifigiúil na nGardaí de.<br>• Go mbainfí úsáid as córas dílsithe rianú comhad, leis an chumas chun gluaiseacht comhad a rianú agus meabhruithe a leagan síos, le a chinntiú go n-eisítear treoracha go caoithiúil.<br>• Go gcuirfí córas luathaithe ar bun i gcásanna cionta tromchúiseacha, ionas gur féidir leis na húdaráis ionchúisithe a ndualgas speisialta cúraim a chomhlíonadh le déileáil go pras le cásanna in aghaidh leanaí.<br>• Go gcuirfí modhanna ar bun le freagrachtaí a shoiléiriú agus cumarsáid idir comhghleacaithe maidir le cásanna a éascú. | 21/04/2016 | Ní bhfuarthas aon aiseolas maidir le haon ghníomh sonrach a moladh. Ach tar éis an tuarascáil a bheith foilsithe, dúirt Coimisinéir an Gharda, ag cruinniú poiblí den Údarás Póilíneachta, nach raibh teipeanna na nGardaí, as a d'eascair an toradh seo inghlactha. Dúírt sí go raibh cosaintí curtha ar bun ionas nach dtarlóidh na botúin arís, agus le haon lochtanna a aithint agus a chur i gceart a luaithe is féidir. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Taifid Choimeádta | Urghabháil Maoine | Léirigh imscrúdú a rinne GSOC go raibh maoin coinnithe go dleathach ag garda. Ach ní raibh urghabháil fóin taifeadta sa taifead coimeádta,<br>ná níor luadh gur tógadh aon mhaoin le linn an choimeádta, ná níor luadh aon earra a bheith tugtha ar ais. | Mhol GSOC:<br>• Go gcuirí sonraí gach maoine a thógtar ó phríosúnach sa taifead coimeádta.<br>• Go ndéanfaí tuairisciú agus doiciméadú ar aon úsáid fornirt, ag na baill atá i gceist agus ag an mball atá i bhfeighil nuair a chuirtear an duine faoi choimeád. D'fhéadfadh úsáid fornirt a áireamh ar thaifead coimeádta cabhrú le ball i bhfeighil nuair atá measúnú riosca á dhéanamh ar phríosúnach.<br>• Má dhiúltaíonn príosúnach a c(h)earta a shíniú is ceart é seo a thaifeadadh sa thaifead coimeádta. | 02/02/2016 | Tá litir admhála a fuarthas ón nGarda Síochána dár dáta 15/02/2016 ina luaitear saincheisteanna i gcomhfhreagras curtha ar a súile d'Oifigidh Rannáins, do Choláiste na nGardaí agus do RCBÁC Lár Thuaidh. |
| | Úsáid Fornirt | Ina theannta sin, níor léir go raibh an leibhéal sonraí sa taifead coimeádta ag teacht le téarmaí Threoir na nGardaí 58/08, maidir le húsáid fornirt a thaifead. | | | |
| | Síniú Cearta | Le linn an imscrúdaithe céanna, rinneadh líomhain nár cuireadh a cearta in iúl do chime agus iad faoi choimeád agus nár cuireadh ar taifead gur dhiúltaigh an cime síniú gur cuireadh a gcearta in iúl dóibh. | | | |
| Teagmhais tráchta ar bhóithre | | Rinneadh imscrúdú tar éis atreorúchán a fháil, i ndiaidh d'fheithicil bualadh faoi chlaífort tar éis róir ardluais ina ndearnadh an-chuid damáiste. | Mhol GSOC:<br>• Go dtreorófaí do bhaill an Gharda Síochána grianghraif a ghlacadh de láthair timpiste agus den fheithicil a bhí páirteach, mar íoschaighdeán imscrúdaithe tar éis teagmhais den chineál seo.<br>• Go ndéanfadh dochtúr scrúdú leighis go luath ar aon duine a bheadh faoi choimeád na nGardaí a d'fhulaing gortú tar éis timpiste ardluais; agus mura mbeadh dochtúir ar fáil láithreach, go dtabharfaí an príosúnach chuig ospidéal láithreach le haghaidh measúnú/cóireáil leighis. | 20/06/2016 | Litir a fuarthas ón Gharda Síochána dár dáta 28/10/2016, inar luadh go bhfuil comhairle tugtha ag an bPríomh-Cheannfort, Dlí agus Comhlíonadh, go mbeidh meabhrúchán faoin ábhar á eisiúint ar Thairseach an Gharda, lena ndualgais maidir leis an ábhar seo a chur in iúl dóibh. |
| | Caomhnú láithreacha coireanna | Le linn an imscrúdaithe d'iarr imscrúdaitheoirí GSOC grianghraif den fheithicil leis an damáiste a rinneadh sa timpiste a mheas agus dúradh leo nár tógadh aon ghrianghraf den láthair ná den fheithicil a bhí i gceist. Dúradh linn freisin go raibh an fheithicil scriosta anois. | | | |
| | Caitheamh le daoine faoi choimeád | Dheimhnigh an t-imscrúdú gur ghabh na gardaí an tiománaí agus gur iompar siad chuig Stáisiún Gardaí é. Thaispeáin fianaise CCTV go raibh gearradh úr ar cheann an fhir. Chonaic dochtúir é roinnt uaireanta ina dhiaidh sin, agus ar mholadh an dochtúra, tugadh chuig ospidéal é in otharcharr le tionlacan Gardaí. | | | |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuardach | Am Cuardaigh | Rinne fear gearán le GSOC go chuir gardaí barántas cuardaigh i bhfeidhm ag 03:15 ar maidin, ag cur isteach ar a theaghlach. Léirigh imscrúdú GSOC go raibh tuairisc faighte ag gardaí faoi rothaí chomhmhiontail ghoidte, a bhí aitheanta ag an úinéir ar charr duine eile. Fuair na gardaí seoladh an duine seo amach, fuair siad barántas cuardaigh, chuaigh siad chuig an seoladh ag 03:15 ar maidin agus rinne siad urghabháil ar an charr lasmuigh den teach, agus ansin dhúisigh siad muintir an tí leis an bharántas a fheidhmiú. | Cé go mbeadh sé riachtanach uaireanta barántas cuardaigh a chur i bhfeidhm ag an am seo, mheas GSOC nach raibh sé riachtanach ná réasúnta an cuardach áirithe seo a dhéanamh ag an am sin. Chuireamar béim ar mholtaí an Choimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le Cód Cleachtais a bhí beartaithe le barántais cuardaigh a chur i bhfeidhm, ina n-áirítear riachtanas go gcuirfí barántas cuardaigh i bhfeihm ag am réasúnta. Moladh don Gharda Síochána an Cód Cleachtais seo a ghlacadh mar thomhas don chleachtas is fearr roimh achtú na n-athruithe reachtúla atá beartaithe, d'fhonn a chinntiú nach dtiocfaidh gearáin mar seo chun cinn arís. | 19/04/2016 | Tá litir a fuarthas dár dáta 26/4/2016 ina luaitear saincheisteanna a ardaíodh i gcomhfhreagras curtha ar a súile do na baill atá i gceist |
| Cuardach | Doiciméadúchán agus Coimeád Taifead | Fuair GSOC gearán ó fhear maidir le cuardach a rinneadh ar a theach. Dúirt sé nár taispeánadh aon bharántas dó, agus cé gur chuir sé ceist go minic, nár insíodh dó an raibh barántas faighte. Dúirt an fear freisin gur iarr na gardaí air sonraí a scríobh síos é féin de na nithe a thóg siad.<br>Léirigh imscrúdú go raibh barántas eisithe don chuardach seo, agus mar sin go bhféadfaí an gearán a sheachaint dá dtabharfaí cóip den bharántas don fhear. | Mhol GSOC:<br>• Cóip de bharántas cuardaigh a thabhairt don áititheoir.<br>• Logleabhar cuardaigh a úsáid ar fud an Gharda Síochána.<br>• Admhálacha a eisiúint ar son maoine a urghabhadh le linn cuardaigh.<br><br>Chuireamar béim ar an chéad phointe faoi logleabhair chuardaigh a bheith luaite i moltaí tar éis imscrúduithe eile a rinneadh i mí na Nollag 2013, i mí Iúil 2014 agus i mí Mhárta 2015.<br><br>Bhí an dá phointe deireanach molta ag an Choimisiún Athchóirithe Dlí ina thuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus ar Bharántais Bhinse i mí na Nollag 2015. | 21/06/2016 | I mí Lúnasa 2014, tar éis moltaí a rinneadh roimhe sin, chomharlaigh an tiar-Phríomh-Cheannfort, Gnóthaí Inmheánacha, go raibh treoir leasaithe i bhfoirm Treoir Cheanncheathrú ullmhaithe agus curtha ar aghaidh chuig an Coimisinéir le faomhadh, agus go mbeadh riachtanais maidir le logleabhair cuardaigh san áireamh sa Treoir. Níor éirigh linn teacht ar aon taifead faoi Threoir a bheith achtaithe, ná níl aon nuashonrú faighte againn maidir leis ón nGarda Síochána. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Leabhair Nótaí, Taifid Choimeádta<br><br>Áiseanna agus Trealamh Coimeádta<br><br>Garchabhair | Rinne GSOC imscrúdú tar éis atreorúcháin a fuarthas ón Gharda Síochána, tar do dhuine a gabhadh agus a cuiredh faoi choimeád bás a fháil. Níor éirigh lenár n-imscrúdaitheoirí amlíne cruinn a dheimniú do na himeachtaí go léir roimh an mbás mar nach raibh taifead comhaimseartha déanta ag na gardaí ag am na gabhála agus go ndearna siad an t-am a mheas ina áit sin, agus bhí an CCTV i Stáisiún na nGardaí mícheart.<br><br>Léirigh an t-imscrúdú nach raibh aon oiliúint shonrach faighte ag an gharda a dhéileáil leis an duine a d'éag. D'fhiafraigh teaghlach an duine ar cheart go dtabharfaí chuig ospidéal le haghaidh chóir leighis iad láithreach, seachas iad a thabhairt go Stáisiún Gardaí. | Rinne GSOC na moltaí seo leanas don Gharda Síochána:<br>• Tábhacht taifead cruinn ama a chur ina luí ar gach ball, i leabhair nótaí agus i dtaifid choimeádta ar aon.<br>• Breathnú ar chlog digiteach a shuiteáil i ngach áit choimeádta i stáisiúin.<br>• Seiceáil a dhéanamh go tréimhsiúil ar chórais CCTV i Stáisiúin na nGardaí agus a chinntiú go mbíonn uainiú cruinn agus ag aontú le clog digiteach an stáisiúin.<br>• Breathnú ar an treoir do na Rialacháin Coimeádta a leasú, le haird níos mó a thabhairt ar thuairim fhoirmiúil leighis a fháil maidir le cóir leighis a bheith riachtanach, nuair a ghabhtar duine, ar son Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 agus Alt 25 den Acht Ceadúnúcháin (Éire) 1874 amháin.<br>• Oiliúint athnuachana garchabhrach a thabhairt do gach garda, agus oiliúint shonraithe i ndéileáil le daoine atá i dtrommheisce.<br><br>Rinneadh moltaí cosúla tar éis imscrúduithe a chuir GSOC i gcrích i mí Aibreáin 2011, agus i mí Aibreáin 2011, Feabhra 2013 agus Bealtaine 2013 faoi seach. | 30/03/2016 | Litir dár dáta 27/05/2016 ag admháil go raibh na moltaí a rinneadh sa tuarascáil ardaithe mar chuid de imscrúdaithe eile agus á rá go bhfuiltear ag tabhairt airde orthu faoi láthair . |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Coinneáil taifead<br><br>Áiseanna agus Trealamh Coimeádta | Léirigh imscrúdú chun leas an phobail a rinne GSOC, tar éis gearán anaithnid a fháil maidir le hiarracht fhéinmharaithe a rinne ógchiontóir le linn a bheith faoi choimeád na ngardaí, gur theip ar an duine óg an teagmhas a thuairisciú don bhainistíocht líne agus nach raibh aon eolas ag bainistíocht an Gharda faoin ábhar. | Mhol GSOC go mbreathnódh Coimisinéir an Gharda ar threorú a eisiúint chuig gach ball de na Gardaí ag treorú dóibh:<br>• Teagmhais den chineál seo a thaifeadadh sa chóras PULSE nó i bhformáid eile a bheadh ar fáil go réidh ag aon bhall den Gharda Síochána a mbeadh orthu déileáil leis an duine céanna a choimeád ar dháta níos déanaí (le cabhrú le measúnú riosca).<br>• Aon iarracht fhéinghortaithe a dhéanann duine atá i dteagmháil leis an Gharda Síochána a thuairisciú dá maoirseoir.<br><br>Mhol GSOC freisin gur cheart faireachas a dhéanamh le trealamh taifeadta físe agus fuaime ar chillíní ina mbíonn ógchiontóirí á gcoinneáil go rialta; agus go mb'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas i leith ógchiontóirí a choimeád i stáisiún nach bhfuil CCTV suiteáilte iontu. | 13/05/2016 | Litir dár dáta 31/5/2016 ina ndeirter gur cuireadh comhfhreagras ar aghaidh le breithniú chuig Oifigí an Phríomh-Cheannfort Beartas Coiriúlachta agus Riaracháin agus an Phríomh-Cheannfort Athruithe Straitéiseacha, mar a bhfuil togra i Seirbhísí Bainistiú Coimeádta ar bun faoi láthair. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Scrúdú Leighis | Rinne GSOC imscrúdú tar éis atreorúcháin, tar éis bháis i gcoimeád. | Mhol GSOC don Gharda Síochána smaoineamh ar chomhairle dlí a lorg nuair nach féidir scrúdú a dhéanamh mar atá sainmhínithe faoi alt 2(1) den Acht Meabhairshláinte 2001, an ionann é sin agus iarratas a dhiúltú, agus mar sin go gcaithfear an duine a scaoileadh saor láithreach ó choimeád, nó an féidir coimeád a fhadú go dtí an t-am ar féidir an scrúdú a dhéanamh. Mhol GSOC freisin: | 05/12/2016 | Litir dár dáta 08/12/16 ina ndeirtear go bhfuil na moltaí curtha ar aghaidh chuig an Príomh-Cheannfort, Oifig Athruithe Straitéiseacha, le breithniú agus aon ghníomh a mheastar a bheith cuí a dhéanamh. |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | • Is ceart post dílsithe Oifig Coimeádta a chruthú, le comhlíonadh ag ball le taithí, le cúrsa sonrach oiliúna.<br>• Dífhibrileoir a chur ar fáil in ngach ionad coimeádta Gardaí agus in oifigí poiblí.<br>• Oiliúint garchabhrach a bheith ag gach ball de na Gardaí.<br>• Is ceart do gach ball de na Gardaí oiliúint a fháil ar alt 12 den Acht Meabhairshláinte 2001. (Moladh go bhféadfadh an Garda Síochána dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Meabhairshláinte leis na huirlise ríomhfhoghlama faoin Acht atá cruthaithe acu a chur ar fáil go réidh do bhaill an Gharda.) Is ceart a mheabhrú go háirithe do gach garda go bhfuil sé riachtanach foirmeacha reachtúla a chomhlánú nuair a chuirtear duine faoi choimeád faoi fhorálacha alt 12 den Acht Meabhairshláinte 2001; agus go bhfuil sé riachtanach cáipéisiú ceart a dhéanamhm ar na cúinsí ábhartha ionas go mbeidh siad in ann cleachtóirí leighis a chur ar an eolas faoi iarratais a rinneadh roimhe sin le haghaidh coimeád neamhdheonach faoin Acht Meabhairshláinte.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar threoir do bhaill an Gharda le haird ar na nithe seo a leanas:<br>o Nuair nach féidir le duine atá i gcúram nó i gcoimeád i Stáisiún Gardaí seasamh nó siúl gach chabhair, is ceart teagmháil a dhéanamh le hotharcharr agus/nó dochtúir láithreach.<br>o Nuair a fhreastalaíonn dochtúir ar Stáisiún Gardaí le scrúdú a dhéanamh faoi alt 12 den Acht Meabhairshláinte 2001, is ceart do na gardaí dearbhú a fháil ón dochtúir an bhfuil scrúdú mar atá sainmhínithe faoi Acht déanta nó nach bhfuil.<br>o Nuair a iarrtar ar dhochtúir freastal le scrúdú a dhéanamh ar dhuine a tugadh faoi choimeád faoi alt 12 den Acht Meabhairshláinte 2001, is ceart a insint don dochtúir má tá amhras ann go bhfuil an duine ar meisce chomh maith agus/nó go bhfuil aon ghortú fulaingthe acu. Is ceart an fhaisnéis a thugtar don dochtúir a thaifeadadh sa taifead coimeádta.<br>o Nuair a fheiceann dochtúir duine le linn dóibh a bheith i gcoimeád, is ceart cóip de nótaí an dochtúra a cheangal leis an taifead coimeádta, agus aon treoir a thug an dochtúir a thaifeadadh sa taifead coimeádta.<br>o Nuair atá gníomh molta ag dochtúir, agus nuair nach féidir leis na gardaí é a chur i gcrích, is ceart do na gardaí teagmháil a dhéanamh leis an dochtúir arís agus tuilleadh comhairle a iarraidh. | | |

| Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Comhthéacs | Moladh | Dáta eisiúna | Freagara an Gharda Síochána |
|---|---|---|---|---|---|
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Scrúdú Leighis | Le linn imscrúdú coiriúil a dhéanamh ar líomhain faoi ionsaí gnéis a bheith déanta le linn coimeádta ag na gardaí, fuarthas amach nach raibh aon taifead déanta ag na gardaí den ghearán agus nach ndearnadh aon ghníomh maidir leis. Rinne gairmeoir leighis scrúdú ar an chime roinnt laethanta ina dhiaidh sin. | Mhol GSOC go gcuirfí ina luí ar bhaill chomh tábhachtach is atá sé go ndéanfaí scrúdú leighis láithreach ar aon duine a dhéanann líomhain faoi ionsaí gnéis agus iad i gcoimeád na ngardaí. Cinnteoidh scrúdú láithrech leighis go mbailítear gach fianaise atá ar fáil, le cabhrú le haon líomhain a dhéantar in aghaidh bhaill an Gharda Síochána a chruthú nó a bhréagnú, ar mhaithle le muinín an phobail. | 08/10/2016 | Ní bhfuarthas freagra. |
| Caitheamh le daoine faoi choimeád | Cuardaigh le linn a bheith faoi choimeád ag na Gardaí | Tar éis atreochúcháin faoi alt 102(1), rinneadh imscrúdú ar ionsaí líomhnaithe gnéis le linn cuardaigh dhlúthphearsanta drugaí. (Tarraingíodh siar an líomhain níos déanaí.)<br><br>Níor tháinig imscrúdú GSOC ar aon fhianaise go raibh cion déanta ag ball den Gharda. Fuarthas amach san imscrúdú nach rud annamh é go ndéanfadh ball mná den Gharda cuardach ar phríosúnach mná ar bonn duine le duine mar mbíonn ball mná eile den Gharda ar fáil ag brath ar an am den lá. the day. Is cosúil go ndéantar cuardaigh dhlúthphearsanta go minic gan aon bhall eile i láthair agus go nglactar leis an chleachtas sin. Má bhí an príosúnach géillúil agus nár chuir siad in aghaidh an chuardaigh, lena n-áirítear fo-éadach a bhaint, déanann Garda amháin é. | Mheabhraigh GSOC don Gharda Síochána, má dhéanann aon bhall amháin an cuardach, fiú nuair atá taifeadadh físe agus fuaime á dhéanamh, go bhfuil na rioscaí seo a leanas ann do na Gardaí:<br>• Riosca dá sábháilteacht mura mbíonn an príosúnach géilliúil.<br>• Gan aon chomhthacaíocht fianaise ann maidir le haon earraí a fhaightear le linn an chuardaigh.<br>• Gur féidir líomhaintí cráiteacha a dhéanamh faoin bhall maidir lena n-iompar féin le linn an chuardaigh.<br><br>Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas glactha seo le hintinn an beartas, an cleachtadh agus an nós imeachta a bhaineann leis a athrú. Rinneadh comparáid le dlínsí eile mar a mbíonn beirt oifigeach ag teastáil le scrúduithe dá leithéid a dhéanamh. | 06/07/2016 | Litir dár dáta 14/07/2016 ina n-admhaítear go bhfuarthas an comhfhreagras. |

# RANNÁN 8: SOLÁTHAR FOIRNE

Ag an 31 Nollaig 2016, bhí 77 mball foirne fostaithe in GSOC, 21 díobh fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin agus 56 duine fostaithe sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Bhí 10 bhfolúntas le líonadh san eagraíocht chomh maith. Anuas air sin, bhí an triúr Coimisinéirí, Ceannfort a bhí ar iasacht ón nGarda Síochána agus beirt chonraitheoirí TFC ann.

Tháinig deireadh le téarma Choimisiún reatha an Ombudsman i mí na Nollag 2016. Rinne an Rialtas an Breitheamh Mary Ellen Ring ón Ardchúirt, a raibh breis agus bliain caite aici mar cheann na heagraíochta, a ainmniú le hathcheapadh mar Chathaoirleach don téarma nua. D'eagraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) comórtas oscailte agus tar éis an chomórtais ainmníodh an Dr Kieran FitzGerald agus Mark Toland mar Choimisinéirí in éineacht leis an Bhreitheamh Ring. D'fhaomh Tithe an Oireachtais na hainmniúcháin agus ceapadh triúr comhalta Choimisiún an Gharda Síochána ar an 12 Nollaig 2016.


Tá an Dr FitzGerald le GSOC ó bunaíodh é agus bhí páirt shuntasach aige i bhforbairt an Choimisiúin le deich mbliana anuas, ag freastal mar Cheann Cumarsáide ar dtús, agus mar Choimisinéir ó 2011. Tá ceithre bliana taithí ag an Uasal Toland i maoirseacht phóilíní, ó bhí sé ina Leas-Phríomh-Chigire ar Chigireacht na nGardaí, agus tá taithí fhada póilíneachta aige, tar éis tréimhse gairmiúil 30 bliain sa Metropolitan Police Service sa Ríocht Aontaithe.

Reáchtáil PAS feachtais rathúla earcaíochta eile thar ceann GSOC in 2016 le folúntais a líonadh i bpoist thábhachtacha, lena n-áirítear Stiúrthóir Imscrúduithe, Comhairleoir Sinsearach Dlí agus Anailíseoir. Earcaíodh baill foirne nua ó phainéil oscailte PAS le folúntais Imscrúduithe agus Cásoibre a líonadh. Tugadh ardú céime do roinnt d'fhoireann GSOC chomh maith le linn 2016, tar éis comórtas inmheánacha, le post mar Cheann Beartais a líonadh chomh maith le folúntais riaracháin san eagraíocht.

Tugtar mionsonraí in Aguisín 5 faoi oiliúint agus forbairt foirne a rinneadh sa bhliain 2016. Liostaítear ann na comhdhálacha, na cúrsaí agus na ceardlanna ar fhreastail baill foirne orthu agus an breisoideachas ar tugadh faoi le cabhair ón Scéim um Aisíoc Táillí.

I rith 2016 chuireamar beartas agus nósanna imeachta ar bun d'fhoireann GSOC le nochtuithe a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Cuireadh ar fáil do gach ball foirne iad le linn lá oiliúna agus trínár n-inlíon. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach le linn 2016, ná le linn 2014 nó 2015 ach oiread.

**Cairt 9: Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin**



# CONCLÚID

Dar le Coimisiún an Ombudsman ba bhliain í 2016 le dul ar ghaidh sa treo ar theastaigh uathu go mbeadh GSOC nuair a bheadh sé bunaithe deich mbliana i mí Bhealtaine 2017: eagraíocht a bhfuil glactha aici lena bhfuil foghlamtha ina chéad deich mbliana i mbun oibre agus atá réidh le hathrú agus le feabhsú a dhéanamh sna deich mbliana atá romhainn. Creidimid gur baineadh a lán amach i rith na bliana leis an sprioc seo a bhaint amach.

I measc éachtaí GSOC agus a chuid foirne le linn 2016 tá:

- Tús a chur le líon imscrúduithe níos mó ná riamh ar son leas an phobail.
- Chuireamar tús agus críoch le formhór na hoibre le cleachtas, beartas agus nósanna imeachta an Gharda a scrúdú maidir le dhá ábhar tábhachtacha.
- Ghlacamar páirt sa chéad fhiosrú faoi alt 109 den Acht agus rinneamar gníomh de réir na moltaí a rinneadh tar éis an fhiosraithe.
- Rinneamar dul chun cinn le próisis agus nósanna imeachta saindeartha a fhoabrit le comhlíonadh éifeachtach a dhéanamh ar ár ndualgas mar a bhaineann leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014.
- D'fhoilsíomar tacar cuimsitheach ábhair, le faisnéis shoiléir intuigthe a sholáthar do bhaill den phobal agus den Gharda Síochána.
- Chuireamar ceardlanna faisnéise ar fáil don líon is mó gardaí riamh i gcomhar le Coláiste an Gharda.
- Chuireamar lenár gcaidreamh le páirtithe leasmhara tábhachtacha, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt, an tÚdarás Póilíneachta nua agus Cigireacht an Gharda, d'fhonn maoirsiú níos comhtháite a sheachadadh le chéile.
- Rinneamar aighneachta le Comhchoiste an Oireachtais agus leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus bhí comhráite cuiditheacha againn leo, gníomhaíocht a chreidimid go daingean a chabhróidh linn athruithe bunúsacha riachtanacha a dhéanamh ar obair éifeachtach an chóras maoirseachta.


Chomh maith leis an ghníomhaíocht thuas, leanamar ar aghaidh ag cur feabhai ar ár n-éifeachtacht agus muid ag déileáil le gearáin agus imscrúduithe.

Táimid ag tnúth go dóchasach le 2017.

# AGUISÍN 1: PRÓIFÍL NA NGEARÁNACH SA BHLIAIN 2016


Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán chuig GSOC sa bhliain 2016. Tá na sonraí sin bunaithe ar shuirbhé a dháiltear ar gach gearánach nuair a osclaítear an gearán den chéad uair. Thug 27% de ghearánaigh 506) freagra ar an suirbhé sa bhliain 2016. Is gan ainm atá freagraí.

**Cairt 10:** Inscne





- Fireann (65%)
- Baineann (33%)
- Gan Freagra (2%)

**Cairt 11:** Aois





- 0-17 (4%)
- 18-30 (19%)
- 31-40 (22%)
- 41-50 (22%)
- 51-60 (18%)
- 61+ (14%)
- Gan Freagra (1%)

**Cairt 12:** Náisiúntacht





- Éireannach (83%)
- Briotanach (4%)
- As Tíortha Eile san AE (4%)
- Polannach (2%)
- Áiseach (2%)
- Afracach (1%)
- Eile (3%)
- Gan Freagra (1%)

**Cairt 13:** Tír bhreithe





- Is ionann í agus an Náisiúntacht (86%)
- Eile (10%)
- Gan Freagra (4%)

## Cairt 14: Eitneacht





- Geal (88%)
- Duine den Lucht Siúil (3%)
- Gorm (2%)
- Áiseach (2%)
- Eile (3%)
- Gan Freagra (2%)

## Cairt 15: Céadteanga





- Béarla (81%)
- Gaeilge (5%)
- Polainnis (2%)
- Rúisis (2%)
- Rómáinis (1%)
- Fraincis (1%)
- Eile (5%)
- Gan Freagra (3%)

## Cairt 16: Míchumais





- Gan Míchumais (65%)
- Roinnt Cineálacha (8%)
- Fisiciúil (5%)
- Síceolaíoch (5%)
- Intleachtúil (2%)
- Eile (5%)
- Gan Freagra (10%)

## Cairt 17: Reiligiún





- Caitliceach (55%)
- Críostaí (17%)
- Gan Reiligiún (12%)
- Moslamach (3%)
- Ceachrtchreidmhea (2%)
- Búdaíoch (1%)
- Eile (4%)
- Gan Freagra (6%)


**Cairt 18:** Tithíocht




**Cairt 20:** Fostaíocht





**Cairt 19:** Leibhéal oideachais (an leibhéal is airde)



# AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA NGARDAÍ A NDEARNADH GEARÁIN FÚTHU SA BHLIAIN 2016


Sna cairteanna thíos taispeántar próifíl an gharda a ndearnadh gearán faoi i líomhaintí ar glacadh leo in 2016, nuair a bhí céannacht na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu ar eolas.

**Cairt 22:** Ceim na mball den Garda Síochána i líomhaintí ar glacadh leo in 2016




- Garda (81%)
- Sáirsint (13%)
- Ceannfort (3%)
- Cigire (1%)
- Ard-Cheannfort (0.25%)
- Céim an Choimisinéara (0.25%)
- Mac Léinn/Promhadh (0.5%)
- Gan Freagra (4%)

**Cairt 22:** Inscne na mball den Garda Síochána i líomhaintí ar glacadh leo in 2016




- Fireann (83%)
- Baineann (14%)
- Gan Freagra (3%)

# AGUISÍN 3: GNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÍ SA BHLIAIN 2016 TAR ÉIS IMSCRÚDUITHE COIRIÚLA

## CÁSANNA ATREORAITHE CHUIG STIÚRTHÓIR NA N-IONCHÚISEAMH POIBLÍ (DPP) IN 2016

Rinneadh cúig chás a tharchur chuig an DPP. Bhí imscrúduithe a d'eascair as gearáin agus atreochúcháin ón Gharda Síochána ina measc.

- D'iarr an DPP ionchúiseamh i gceann amháin de na cásanna seo.
- D'iarr an DPP nach ndéanfaí ionchúiseamh i dhá cheann de na cásanna seo.
- Bhí dhá chás ag feitheamh le treoir ag deireadh 2016.

## CÁSANNA OS COMHAIR NA GCÚIRTEANNA COIRIÚLA SA BHLIAIN 2015 DE DHROIM IMSCRÚDUITHE GSOC

Tháinig 5 gcás os comhair na gcúirteanna sa bhliain 2016, agus iad ag baint le 3 gardaí agus le 4 eile.

- Tharraing Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí cás amháin siar.
- Cuireadh ceithre thriail i gcrích. Bhí torthaí mar a leanas orthu:
    - Tiomsaíodh athbhreithniú breithiúnach i gcoinne GSOC ag beirt gharda ar leith agus tháinig siad chun cúirte in 2016 agus cuireadh i gcrích iad: cinntíodh go bhféadfadh imscrúduithe GSOC sa dá chás leanúint ar aghaidh.
    - Ciontaíodh garda agus ball den phobal as cion in aghaidh alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005 - faisnéis bhréige mhíthreorach a thabhairt do GSOC go feasach. Tá achomharc á dhéanamh ag an bheirt in aghaidh a gciontaithe.
    - D'iontráil an Stiúrthóir Ionchúisimh Poiblí 'nolle prosequi' le linn ionchúiseamh bheirt eile den phobal as cion in aghaidh alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005 - is é sin, níor leanadh ar aghaidh leis an ionchúiseamh.

## TRIALACHA AR FEITHEAMH

Ag deireadh na bliana 2016, bhí 4 ábhar mar thoradh ar imscrúduithe GSOC ag fanacht os comhair na gcúirteanna. Bhaineadar le triúr ball den Gharda Síochána agus ball amháin den phobal.

# AGUISÍN 4: CAITEACHAS 2016

Léirítear sa tábla thíos gannchaitheamh suntasach ag GSOC in 2016. I dtús na bliana 2015, leithdháileadh suim bhreise €1 mhilliún ar GSOC chun tabhairt faoi imscrúdú ar líomhaintí maidir le Fógraí Muirir Sheasta a chealú go héagórach. Thug Oifig Soláthar an Rialtais tacaíocht agus éascú do chéad thairiscint le haghaidh tacaíocht imscrúdaithe in 2015, ach ní bhfuarthas freagraí oiriúnacha. Tugadh faoi thairiscint eile ar fud an AE in 2016 agus aithníodh tairiscint leis an scór is airde, ach ní raibh an tairiscint bronnta ag GSOC, ar chúiseanna éagsúla, ag deireadh 2016. Dá thoradh sin, d'fhan an leithdháileadh neamhchaite i mbuiséad 2016.

Maidir le caiteachas ginearálta, bíonn GSOC i gcaidreamh leanúnach le Coimisiún O'Higgins agus le Fiosrúchán Clark (faoi alt 109 d'Acht an Gharda Síochána 2005).i rith na bliana. Sa dá chás b'éigean do GSOC comhairle dlí agus freastal finnéithe a fháil. Rinne GSOC infheistíocht mhór i TFC in 2016, le tiomsú an chóras inlín agus bainistiú cáipéisí Sharepoint agus le feabhsúcháin inár gcóras bainistiú cásanna. Mar sin, rinne GSOC gannchaiteachas díreach faoi bhun€160,000 (1.7% den bhuiséad iomlán) in 2016.

**Tábla 6:** Caiteachas 2016

| Catagóir | An Bunbhuiséad | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| Tuarastal, Pá agus Liúntais | €6,242,000 | **A01 - Pá agus Liúntais** | **€5,026,035** |
| Neamhphá | €3,304,000 | A02 - Taisteal agus Cothú | €88,767 |
| | | A03 - Costais Theagmhasacha | €691,520 |
| | | A04 - Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | €86,936 |
| | | A05 - Trealamh Oifige agus Soláthairtí Eile Oifige | €964,615 |
| | | A06 - Costais Oifige agus Áitribh | €1,518,616 |
| | | A07 - Comhairleacht | €0 |
| | | A08 - Caiteachas Taighde | €9,840 |
| | | **Iomlán Neamhphá** | **€3,360,295** |
| Leithdháileadh Buiséid Iomlán 2016 | €9,546,000 | **Caiteachas Iomlán Pá agus Neamhphá 2016** | **€8,386,329** |
| **GANNCHAITEACHAS IOMLÁN IN 2016:** | | | **€1,159,671** |

## Tabhair faoi deara:

- Ní dhearnadh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na figiúirí a luaitear go fóill.
- Ní luaitear Leithghabháil i gCabhair sa tábla thuas, arb ionann é agus €273,037 in 2016.

# AGUISÍN 5: OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE SA BHLIAIN 2016

## COMHDHÁLACHA AR FREASTALAÍODH ORTHU

- Comhdháil Bhliantúil Intí agus na hEarnála Poiblí - An Dlí-Chumann
- Lá Faisnéise na bhFórsaí Cosanta - na Fórsaí Cosanta
- Comhdháil eDiscovery - La Touche Training
- Comhdháil Bhliantúil Saoirse Faisnéise - Allone Ltd
- Comhdháil Foirne Ombudsman na hÉireann – Ombudsman Association
- Cleachtas Dlí agus Dúshlán Chosaint Sonraí – Dlí-Chumann na hÉireann
- Comhdháil Bhliantúil Insititiúid Eadránaithe na hÉireann - Institiúid Eadránaithe na hÉireann
- Lá Náisiúnta Plé ar Cheartas don Óige - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Comhdháil Ombudsman Thuaisceart Éireann agus Choimisiún Cearta Daonna Thuaisceart Éireann - Oifig Ombudsman Thuaisceart Éireann
- Comhdháil Frith-Éillithe Silver Countet - Cumann na bPríomhoifigeach Póilíní

## CÚRSAÍ AGUS CEARDLANNA AR FREASTALAÍODH ORTHU

- Teastas i gCosaint Sonraí - Dlí-Chumann na hÉireann
- Oiliúint Dheimhnithe in Eadrán - Hibernian Training
- Oiliúint i gCód Eitice agus i gCleachtas – Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann
- Bainistíocht Choinbhleachta - Central Law Training
- Scileanna Theach na Cúirte - oiliúint inmheánach GSOC
- Fóram: Sonraí, Faisnéis agus an Dlí – Coláiste Uí Ghríofa
- Oiliúint Dífhiblieora
- Oiliúint EProbation - An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Seimineár Ainilisithe Forfheidhmiú Dlí na hEorpa - Ollscoil Middlesex
- Bainistíocht Saoráidí - Réitigh ardleibhéil san Ionad Oibre
- Oiliúint Chomhordaitheoirí idirghabháil Teaghlaigh - Oiliúint Inmheánach GSOC
- Tuairisceoireacht Airgeadais - An Foras Riaracháin
- Oiliúint Saoráil Faisnéise – Arcline Training Ltd
- Feabhsú Ceartais don Óige – Coláiste na hOllscoile Corcaigh
- Oiliúint Oifigigh Achomhairc Inmheánacha - An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Bunús Chosaint Sonraí - An Foras Riaracháin
- Oiliúint in Agallaimh Imscrúdaithe (Leibhéal 1) – An Garda Síochána
- Feasacht ar Mheabhairshláinte – Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann (PONI)
- Imscrúduithe agus Ionchúisithe Rialála Nuashonrú 2016 - Oiliúint Lárnach Dlí
- Cúrsa Taighdeora - Ionad Tacaíochta Taighde agus Faisnéise
- Ag Obair le Gníomhaireachtaí Tacaíochta d'Íospartaigh

## BREISOIDEACHAS AR TUGADH FAOI LE CABHAIR ÓN SCÉIM UM AISÍOC TÁILLÍ

- Teastas i Soláthar Poiblí – An Foras Riaracháin
- Dioplóma i Staidéar agus i gCleachtas Dlí – Coláiste Uí Ghríofa
- Dochtúireacht i Rialachas – An Foras Riaracháin & an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Máistreacht Idirnáisiúnta sa Réiteach Coinbhleachta – Institiúid na Náisiún Aontaithe um Oiliúint (cianfhoghlaim)
- Máistreacht i gCoireolaíocht - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- PhD i Ríomhaireacht Dlí-eolaíochta agus in Imscrúdú Cibearchoiriúlachta - An Coláiste Ollscoile, BÁC

# AGUISÍN 6: IARRATAIS FAISNÉISE A PRÓISEÁLADH IN 2016

Dhéileáil Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le os cionn 600 fiosrú sonraí agus faisnéise in 2016. Tháinig siad ó ghardaí, ó lucht acadúil agus mic léinn, ó ionadaithe rialtais, ó na meáin agus ó bhaill den phobal. Tháinig siad i bhfoirm fiosruithe faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 nó faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, nó go díreach trí ríomhphost, glaoch fóin nó litir.

Chomh maith leis an ghníomhaíocht thuas, bhí rannpháirtíocht againn i rith na bliana leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Garda Síochána, An tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda, gníomhaireachtaí maoirseachta eile agus comhlachtaí Ombudsman, lucht faisnéise poiblí, gníomhaireachtaí tacaíochta agus eile.

**Tábla 7:** Cineálacha agus Méideanna na bhFiosruithe Faisnéise in 2016

| Cineál Fiosraithe | Méid |
|---|---|
| Iarratais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 | 64 |
| Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 | 31 |
| Fiosruithe ó na meáin | 308 |
| Fiosruithe ó bhaill den phobal agus eile | 184 |
| Teagmhálacha ó bhaill den Oireachtas | 12 |
| Aighneachtaí mar fhreagra ar Cheisteanna Pairliminte | 20 |
| **IOMLÁN NA BHFIOSRUITHE FAISNÉISE** | **619** |

Garda Ombudsman

FIOSRÚCHÁN NEAMHSPLEÁCHAS NEAMHCHLAONTACHT

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

(01) 871 6700
Íosghlao 1890 600 800
(01) 814 7026
www.gardaombudsman.ie info@gsoc.ie
@gardaombudsman